Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15648/22**

**VISA 200**
**COEST 883**
**COWEB 174**
**MIGR 400**
**FRONT 456**
**ASIM 105**
**COMIX 596**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11156/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 715 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE **AN CÚIGIÚ TUARASCÁIL FAOIN SÁSRA FIONRAÍOCHTA VÍOSAÍ** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 715 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 715 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2022
COM(2022) 715 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

# AN CÚIGIÚ TUARASCÁIL FAOIN SÁSRA FIONRAÍOCHTA VÍOSAÍ

{SWD(2022) 405 final}

GA GA

## Clár na n- ábhar

**Réamhrá** ..... 3

**I. An Albáin** ..... 4

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 4

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 6

**3. Moltaí le haghaidh na hAlbáine** ..... 9

**II. An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin** ..... 10

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 10

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 12

**3. Moltaí le haghaidh na Boisnia agus na Heirseagaivéine** ..... 14

**III. Montainéagró** ..... 15

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 15

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 17

**3. Moltaí le haghaidh Mhontainéagró** ..... 20

**IV. An Mhacadóin Thuaidh** ..... 21

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 21

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 23

**3. Moltaí le haghaidh na Macadóine Thuaidh** ..... 25

**V. An tSeirbia** ..... 26

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 26

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 28

**3. Moltaí le haghaidh na Seirbia** ..... 30

**VI. An tSeoirsia** ..... 31

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 31

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 33

**3. Moltaí le haghaidh na Seoirsia** ..... 36

**VII. Poblacht na Moldóive** ..... 37

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** ..... 37

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** ..... 39

**3. Moltaí le haghaidh na Moldóive** ..... 42

**VIII. An Úcráin** .......... 42

**1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach** .......... 43

**2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil** .......... 45

**3. Moltaí le haghaidh na hÚcráine** .......... 48

**Conclúidí** .......... 49

**Réamhrá**

Tá an léirscaoileadh víosaí ina uirlis chumhachtach fós chun teagmháil idir dhaoine a éascú agus chun tacú le hathchóirithe sna Balcáin Thiar agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimsí an cheartais, na slándála agus na saoirsí bunúsacha.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 8(4) den Rialachán Víosaí[1] faireachán iomchuí a áirithiú ar chomhlíonadh leanúnach na gceanglas maidir le tarscaoileadh víosa ag na tíortha sin a bhfuair a gcuid náisiúnach rochtain gan víosa ar an Aontas tar éis dóibh idirphlé maidir leis an léirscaoileadh víosa a chur i gcrích go rathúil. Chuige sin, ó 2017, ghlac an Coimisiún le ceithre thuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí[2], lena gcumhdaítear na tíortha saor ó víosa sna Balcáin Thiar (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró agus an tSeirbia) agus i gComhpháirtíocht an Oirthir (an Mholdáiv, an tSeoirsia, agus an Úcráin).

I gcás na gcomhpháirtithe gan ceanglas víosa sna Balcáin Thiar agus sa Mholdáiv, nach raibh gá ag a gcuid náisiúnach le víosa chun taisteal (díolmhaithe ó cheanglas víosa) le breis agus 7 mbliana, dírítear leis an tuarascáil seo ar na bearta leantacha a ghabhann leis na moltaí sna tuarascálacha ón gCoimisiún roimhe agus ní sholáthraítear léi a thuilleadh na mionsonraí iomlána ar chomhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna a bhaineann leis an léirscaoileadh víosa. Táthar ag leanúint den mheasúnú ar ghnéithe a bhaineann leis na tagarmharcanna le haghaidh thíortha na mBalcán Thiar gan ceanglas víosa mar chuid de phróiseas an mhéadaithe faoi Chaibidil 23, na Breithiúna agus Cearta Bunúsacha, agus Caibidil 24, Ceartas agus Gnóthaí Baile, agus tuairiscítear na gnéithe sin i bpacáiste bliantúil an Choimisiúin um méadú[3]. I gcás na Seoirsia agus na hÚcráine, ag a raibh taisteal gan víosa le tréimhse is giorra ná 7 mbliana, déantar measúnú leis an tuarascáil freisin ar chomhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna maidir leis an léirscaoileadh víosaí.

Leis an gcúigiú tuarascáil seo, déantar measúnú ar ghníomhaíocht a rinneadh in 2021 (maidir leis an imirce, tearmann, athligean isteach, comhar breithiúnach, ord poiblí agus slándáil), in éineacht le heolas a tugadh cothrom le dáta le haghaidh 2022, i gcás inar measadh gurbh ábhartha é agus go raibh tionchar suntasach aige ar na moltaí. Tuairiscítear freisin inti ar an gcomhar oibriúcháin leis an Aontas agus leis na Ballstáit[4], agus áirítear inti forbhreathnú ar threochtaí imirce[5] lena léirítear sonraí Eurostat le haghaidh bhliain staidrimh 2021, lena n-  áirítear athruithe i gcomparáid le 2020.

Tarraingíonn an tuarascáil as rannchuir ó na tíortha uile a chumhdaítear, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, gníomhaireachtaí gaolmhara ceartais agus gnóthaí baile an Aontais[6] agus

[1] Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, IO L 303, 28.11.2018, lch. 39.

[2] COM(2017) 815 final (an chéad tuarascáil); COM(2018) 856 final (an dara tuarascáil); COM(2020) 325 final (an tríú tuarascáil); COM(2021) 602 final (an ceathrú tuarascáil).

[3] Glacadh pacáiste 2022 an 12 Deireadh Fómhair 2022.

[4] Le haghaidh na tuarascála seo, tagraítear leis an téarma 'Na Ballstáit' do na Ballstáit a chuireann Rialachán (AE) 2018/1806 ('an Rialachán Víosaí') i bhfeidhm, i.e. na Ballstáit uile atá ann faoi láthair (seachas Éire) agus Tíortha Comhlachaithe Schengen.

[5] Cé go bhfuil na tagarmharcanna maidir leis an léirscaoileadh víosaí a bhaineann leis an imirce teoranta do bheartais imirce na dtríú tíortha lena mbaineann a bhainistiú, léirítear leis an roinn maidir le treochtaí imirce neamhrialta chuig na Ballstáit, diúltuithe cead isteach arna n- eisiúint ag na Ballstáit, agus iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh sna Ballstáit ag náisiúnaigh na dtíortha a chumhdaítear leis an tuarascáil.

[6] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol). Tá rannchur Europol

na Ballstáit. Tá Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an tuarascáil freisin, lena soláthraítear faisnéis bhreise maidir le gníomhaíocht atá déanta ag na tíortha comhpháirtíochta i gcomhar leis an Aontas agus go déthaobhach leis na Ballstáit.

# I. An Albáin

## 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

### 1.1. Gníomhaíocht atá déanta i réimse na himirce, an tearmainn agus an chomhair maidir leis an athligean isteach

In 2021, lean an Albáin de bhearta a dhéanamh maidir leis an mbainistiú teorainneacha agus imirce agus tearmainn. Tuairiscíonn na Ballstáit go bhfuil dea- chomhar ann leis an Albáin i gcoitinne maidir leis an mbainistiú imirce agus teorainneacha, mar aon leis an bhfilleadh agus leis an gcomhlíontacht faoi théarmaí Chomhaontú an Aontais um Athligean Isteach. Sonraíodh an dea- chomhar sin ag an gComhchoiste um Athligean Isteach freisin, a reáchtáladh i mí Feabhra 2022.

In 2021, chuaigh an Albáin i gcomhar leis na Ballstáit seo a leanas maidir leis an mbainistiú imirce agus teorainneacha: An Bheilg, an Chróit, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír. Coinníonn an Albáin dlúthchomhar ar bun leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus, in 2021, ba í an chéad tír chun páirt a ghlacadh in oibríocht um fhilleadh arna stiúradh ag Frontex. Bíonn Oifigeach Idirchaidrimh de chuid Frontex i láthair sa tír. Táthar ag leanúint de threochlár um chomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann[7] a chur chun feidhme go dtí deireadh 2022.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Leanúint den chomhar leis na Ballstáit is mó dá ndéantar difear le hiarratais ar thearmainn gan bhunús ag náisiúnaigh de chuid na hAlbáine.***

Lean an Albáin de bhearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na n- iarratas ar thearmann gan bhunús arna ndéanamh ag a cuid saoránach tríd an gcomhar agus an malartú faisnéise a bhíonn ar siúl aige leis na Ballstáit a láidriú, go háirithe leo siúd is mó dá ndéantar difear leis an tsaincheist sin. Áiríodh leis sin a bheith ag dul i gcomhar maidir le feachtais feasachta a chur chun feidhme chun mí- úsáid an chórais taistil gan víosa a chosc agus chun na hoibríochtaí um fhilleadh le Frontex agus leis na Ballstáit, amhail an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Iodáil a threisiú. Ina theannta sin, tá obair fós ar siúl go leanúnach chun dhá phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na mionaoiseach neamhthionlactha de chuid na hAlbáine san Iodáil agus na n- iarrthóirí tearmainn de chuid na hAlbáine san Fhrainc.

Lean Póilíní Stáit na hAlbáine de bhearta a chur chun feidhme chun rialuithe agus seiceálacha imeachta ar mhionaoisigh atá ag taisteal ar an gcoigríoch a láidriú, agus dáileadh bileoga faisnéise chuig pointí trasnaithe teorann chun na críche sin.

bunaithe ar ionchur atá soláthraithe ag na Ballstáit agus ag na tíortha comhpháirtíochta d’fhoilseachán 2021 de chuid Europol *Measúnú an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe, tionchar truaillithe: insíothlú gheilleagar agus shochaí na hEorpa tríd an gcoireacht eagraithe*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

[7] An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) tráth sínithe na tuarascála.

b) ***Rannpháirtíocht a mhéadú i ngníomhachtaí an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) chun an plean gníomhaíochta oibriúcháin um imirce neamhdhleathach a éascú.***

In 2021, ghlac an Albáin páirt i roinnt laethanta comhghníomhaíochta arna n- eagrú le clár EMPACT lenar díríodh ar an imirce neamhrialta, go háirithe: (i) an imirce neamhrialta ag pointí trasnaithe teorann; (ii) teorainneacha glasa agus gorma; (iii) éascú na himirce neamhrialta, an gháinneáil ar dhaoine agus an brionnú doiciméad; (iv) úsáid a bhaint as bunachair sonraí INTERPOL chun imircigh neamhrialta a shainaithint a bhfuil amhras fúthu gur trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta iad agus chun an gháinneáil ar dhaoine, lena n- úsáid chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh orthu, a chomhrac, an déircíneacht agus an rannpháirtíocht sa choireacht. Ceapadh comhordaitheoir náisiúnta EMPACT i mí Aibreáin 2020 freisin.

c) ***Feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.***

D'oibrigh Aireacht Intíre na hAlbáine go dlúth le gníomhaireachtaí de chuid an Aontais amhail Frontex agus Europol, na Ballstáit agus na gníomhaíochtaí forbartha dá gcuid, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail IOM, UNHCR agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, maidir le feachtais feasachta a chur chun feidhme, an filleadh deonach a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt d'fhillithe de chuid na hAlbáine sa phróiseas um athimeascadh.

d) ***Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na hAlbáine a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas[8].***

Ní dhearna an Albáin aon ghníomhaíocht chun a beartas víosaí a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa[9]. I gcodarsnacht leis sin, in 2021 agus go luath in 2022, d'imigh an Albáin níos faide ar shiúl ón ailíniú a moladh.

Roimh 2021, bhí náisiúnaigh ó roinnt tríú tíortha, lena n-áirítear an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Cuáit, an Ghuáin, an tSín, agus an Tuirc, díolmhaithe ó cheanglas víosa i gcás na hAlbáine. Chuir an Albáin deireadh leis na ceanglais víosa ar bhonn séasúrach (ó Bhealtaine go Meán Fómhair) le haghaidh náisiúnaigh na hAraibe Sádaí, Bhairéin, Chatar, Óman, na Rúise agus na Téalainne. Ní mór do náisiúnaigh de chuid na dtíortha uile sin víosa bailí a bheith acu chun teacht isteach san Aontas. Níl sé i gcomhréir le beartas víosaí an Aontais ceanglais víosa a tharraingt siar ar bhonn séasúrach. In 2021, chuir an Albáin an Éigipt agus an India le liosta na dtíortha a thairbhíonn de thaisteal séasúrach gan víosa. An 2 Nollaig 2022, chuir an Albáin an Coimisiún ar an eolas maidir leis an tarscaoileadh víosa séasúrach le haghaidh náisiúnaigh de chuid na hÉigipte a thaistealaíonn chun críoch turasóireachta, go ndeachaigh sé in éag an 30 Meán Fómhair, agus nach ndéanfaí é a athnuachan chun ailíniú le beartas víosaí an Aontais a áirithiú. Rinne an tír an cinneadh freisin chun

[8] Chun críocha na Tuarascála seo, ní mór a chur san áireamh mar is cuí, i gcás roinnt tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa i gcás an Aontais Eorpaigh, go bhfuil rannpháirtíocht leanúnach ann maidir le cúrsaí beartais víosaí, lena n-áirítear tograí le haghaidh díolúine víosa, Idirphlé maidir le Léirscaoileadh Víosaí agus comhaontuithe maidir le héascú víosaí.

[9] Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1806.

tarscaoileadh buan víosa a dheonú do shaoránaigh eachtracha ag a bhfuil cead fanachta bailí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Cé gur leasaíodh an cinneadh sin agus gur forchuireadh coinníollacha sriantacha (e.g. ní mór cead cónaithe ar feadh 10 mbliana a bheith i gceist), níor cúlghaireadh an díolúine. Níl síneadh den sórt sin i gcomhréir le beartas víosaí an Aontais agus baineadh mí- úsáid as toisc nár fhill roinnt náisiúnach eachtrach ag a raibh cead cónaithe de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar an tír sin agus d'éalaigh siad ina áit sin agus é de rún acu teacht isteach san Aontas is dócha. Thairis sin, i mí Aibreáin 2022, cuireadh síneadh leis an tréimhse taistil shéasúrach gan víosa go dtí deireadh na bliana le haghaidh Chatar, na Bairéine, na hAraibe Sádaí, na hIndia, Óman agus na Téalainne. An 2 Nollaig 2022, chuir an Albáin an Coimisiún ar an eolas maidir leis an tarscaoileadh víosa séasúrach le haghaidh náisiúnaigh de chuid na hIndia a thaistealaíonn chun críoch turasóireachta, a rachaidh in éag an 31 Nollaig, nach ndéanfaí é a athnuachan.

Ba cheart aon imeacht eile ó liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas a sheachaint. Ba cheart don Albáin a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir lena beartas víosaí a ailíniú le liosta an Aontais, go háirithe maidir leis na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó rioscaí slándála. Beidh sé sin ina théama tábhachtach d'idirphlé leanúnach idir an tAontas agus an Albáin. I gcomhthéacs an tsásra fionraíochta víosaí agus i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán Víosaí, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar ghníomhaíocht na hAlbáine i dtreo an ailínithe le beartas víosaí an Aontais.

### 1.2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

Tháinig méadú 63 % idir 2020 agus 2021 ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta (nó iarratais ar thearmann)10 a taisceadh sna Ballstáit ag náisiúnaigh de chuid na hAlbáine, agus 11 300 iarratas á dtaisceadh in 2021. Tháinig méadú ar an ráta aitheantais[11] ó 5 % in 2020 go 9 % in 2021.
In 2021, thuairiscigh na Ballstáit 1 160 trasnú teorann neamhrialta, 19 % níos lú ná mar ab amhlaidh in 2020 (1 429), agus tháinig méadú 21 % ar an líon náisiúnach de chuid na hAlbáine a cinneadh a bheith ag fanacht sna Ballstáit go neamhrialta i gcomparáid le 2020 (30 870 in 2020 le hais 37 305 in 2021). Tháinig ardú 39 % ar an líon diúltuithe cead isteach le haghaidh náisiúnaigh de chuid na hAlbáine sna Ballstáit in 2021 (13 315 in 2020 le hais 18 565 in 2021).

An líon cinntí um fhilleadh a eisíodh in 2020 (23 150), tháinig laghdú beag (5 %) air in 2021 (22 025). In 2021, tuairiscíodh 9 415 cás inar filleadh náisiúnaigh de chuid na hAlbáine, i gcomparáid le 10 190 in 2020 (laghdú 8 %).

## 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

In 2021, leanadh d'iarrachtaí maidir leis an gcomhar breithiúnach, an ord poiblí agus an tslándáil. I gcoitinne, thuairiscigh na Ballstáit go raibh dea- chomhar leis an Albáin acu i réimse na slándála.

[10] Chun sainmhíniú a fháil, féach https://home-affairs.ec.europa.eu/pages/glossary/application- international-protection_en

[11] Le haghaidh na tuarascála seo, déantar an rata aitheantais a ríomh mar an sciar de chinntí dearfacha ag céadchéim (lena n- áirítear cosaint faoi Choinbhinsiún na Ginéive, cosaint choimhdeach, agus stádas daonnúil) sa líon iomlán cinntí ag an gcéadchéim. Chun sainmhíniú a fháil, féach https://home-affairs.ec.europa.eu/pages/glossary/recognition- rate-procedures-international-protection_en

Lean an Albáin den chomhar le Europol, Eurojust agus leis na Ballstáit, lena n- áirítear an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an tSeicia agus an tSualainn. Tar éis do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Chomhar le Eurojust in 2019, chuaigh Ionchúisitheoir Idirchaidrimh de chuid na hAlbáine i mbun dualgais i mí Eanáir 2021, agus osclaíodh Oifig an Ionchúisitheora Idirchaidrimh le haghaidh na hAlbáine ag Eurojust i mí Dheireadh Fómhair. In 2021, shínigh an Albáin cúig chomhaontú nua um fhoirne comhpháirteacha um imscrúdú i gcásanna ar thacaigh Eurojust leo.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Tuilleadh dul chun cinn i dtreo cuntas teiste láidir a leagan síos maidir le cásanna éillitheachta agus le sócmhainní coiriúla de thoradh cionta éillitheachta a ghabháil, a choigistiú agus a aisghabháil.***

Tá dul chun cinn déanta ag an Albáin sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus na héillitheachta mar aon leis an gcomhrac in aghaidh na gáinneála aindleathaí. In 2021, thuairiscigh an Albáin méadú (18 %) ar an líon oibríochtaí póilíneachta i gcomparáid le 2020. Sa bhreis air sin, in 2021, bhí méadú ar an líon grúpaí coiriúla a tarraingíodh ó chéile agus ar an líon sócmhainní coiriúla a gabhadh, rud ar ar tháinig méadú de bhreis agus dúbailt a luacha i gcomparáid le 2020. Tháinig méadú foriomlán ar an líon gabhálacha drugaí támhshuanacha in 2021 i gcomparáid le 2020 freisin.

Leanadh d'iarrachtaí chun feabhas a chur ar chuntas teiste na n- imscrúduithe, na n- ionchúiseamh agus na gciontuithe sa troid in aghaidh na héillitheachta. Mar sin féin, tá gá fós le tuilleadh tola polaitiúla agus le hiarrachtaí níos struchtúraithe agus níos comhsheasmhaí, lena n- áirítear maidir le hacmhainní, uirlisí agus scileanna leordhóthanacha. Ba é 440 an líon cásanna éillitheachta a seoladh chun na cúirte in 2021, lena n- áirítear 31 chás a sheol Oifig an Ionchúisitheora Speisialta. Bhí 235 ciontú críochnaitheach ag céadchéim i gcás daoine a cúisíodh i gcionta éillitheachta agus 99 ag céim achomhairc agus ar leibhéal cúirte críochnaithí. Ba é 3 351 an líon cásanna foriomlán a cuireadh chuig an ionchúisitheoir in 2021.

Lean an Albáin dá hiarrachtaí chun cuntas teiste a thógáil sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe. In 2021, cuireadh 41 chás nua chuig an ionchúisitheoir (i gcomparáid le 22 in 2020), 14 dhíotáil i gcás grúpa coiriúil struchtúraithe (i gcomparáid le 15 in 2020), agus cuireadh clabhsúr le 19 gcás a bhain le ciontú críochnaitheach 75 dhuine ar an leibhéal achomhairc (i gcomparáid le 13 in 2020).

Sa troid in aghaidh na gáinneála aindleathaí, bhí méadú ar an líon oibríochtaí póilíneachta a rinneadh. Rinne an Albáin seacht n- oibríocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta freisin, lena n- áirítear faoi na laethanta comhghníomhaíochta de chuid EMPACT.

Sa troid in aghaidh sciúradh airgid, thuairiscigh an Albáin ar chásanna inar cuireadh cásanna ar aghaidh, ar imscrúduithe, ionchúisimh, gabháil agus coigistiú sócmhainní, faireachán ar na meáin shóisialta ag saoránaigh a bhí ag filleadh ó thíortha i staideanna coinbhleachta, agus dul chun cinn na Stiúrthóireachta Imscrúdúcháin Lárnaí, faoin bplean gníomhaíochta de chuid an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais. Níor chuir an Albáin an plean gníomhaíochta sin i gcrích faoi sprioc- am mhí Feabhra 2022 áfach.

Ghlac an Pharlaimint leasuithe i mí na Nollag 2021 ar an dlí maidir le frithsciúradh airgid, arbh é a n- aidhm an dlí a ailíniú leis an gceathrú agus leis an gcúigiú treoir um fhrithsciúradh airgid de chuid an Aontais. Sa bhreis air sin, in 2021, ghlac an Albáin dlí maidir le clár lárnach na gcuntas bainc mar chuid dá gníomhaíocht chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc.

Thairis sin, glacadh dlí in 2020 lenar cuireadh clár úinéireachta tairbhiúla ar bun. Tosaíodh ar obair chun an clár a chomhlánú i mí Feabhra 2021 le faisnéis faoi eintitis faoi oibleagáid, agus tá formhór an chláir comhlánaithe anois.

***b) Leanúint d'úsáid chórasach na n- imscrúduithe airgeadais chomhthreomhara a fhorbairt agus de rannpháirtíocht in imscrúduithe comhordaithe nó comhpháirteacha a mhéadú mar aon le hionchúisimh le tíortha sa réigiún agus sna Ballstáit.***

Lean an Albáin den chomhar le tíortha sa réigiún agus sna Ballstáit. Is le malartú na faisnéise póilíneachta agus breithiúnaí go príomha a tharla sé sin agus imscrúduithe á ndéanamh ar chionta coiriúla a bhain le drugaí támhshuanacha, gáinneáil aindleathach, sciúradh airgid, coireacht eacnamaíoch agus airgeadais, cibearchoireacht agus coireacht thromchúiseach. Is trí INTERPOL, Europol, Eurojust agus Líonra CARIN go príomha a malartaíodh faisnéis. I gcomparáid le 2020, thuairiscigh an Albáin méadú ar oibríochtaí póilíneachta, imeachtaí coiriúla agus foirne comhpháirteacha um imscrúdú i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta a throideann in aghaidh na coireachta eagraithe.

In 2021, bhí 8 bhfoireann chomhpháirteacha um imscrúdú ann a bhain le comhpháirtithe de chuid na hAlbáine (4 in 2020), as ar eascair 30 cruinniú oibriúcháin chomhpháirteacha. Tá oifigeach idirchaidrimh póilíneachta in Europol ag an Albáin agus tá sé á bheartú ag an Albáin an dara hoifigeach a imlonnú. Lean an tír de pháirt a ghlacadh go gníomhach i laethanta comhghníomhaíochta de chuid EMPACT lena gcuirtear an comhar chun cinn chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar airm thine, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar dhrugaí, coireacht mhótarfheithicle, gáinneáil ar dhaoine, agus calaois doiciméad. In 2021, chláraigh Oifig Idirchaidrimh na hAlbáine ag Eurojust 21 chás arna iarraidh sin ag údaráis na hAlbáine, a bhfuil 16 díobh curtha i gcrích. Arna iarraidh sin d'údaráis inniúla na mBallstát, tionscnaíodh 30 cás nua le hOifig Idirchaidrimh na hAlbáine. Tugadh cúig chomhaontú nua i gcrích chun foirne comhpháirteacha um imscrúdú a chur ar bun. Leasuithe ar an dlí maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla le dlínse eachtracha, a glacadh i mí Iúil 2021, cruthaíodh iad a bheith úsáideach mar chuidiú chun foirne comhpháirteacha um imscrúdú a chur ar bun, ach beidh gá le tuilleadh iarrachtaí chun reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le *acquis* an Aontais. Chuir an rialtas dréachtdlí ar aghaidh le haghaidh comhairliúchán poiblí maidir leis an maithiúnas fioscach agus coiriúil i gcás daoine a dhearbhaíonn sócmhainní go deonach. Cumhdaítear an t- ábhar sin i dTuarascáil an Choimisiúin faoin Albáin 2022.

Reáchtáil Oifig an Ionchúisitheora Speisialta Éillitheachta agus Coireachta Eagraithe imeachtaí coiriúla agus imscrúduithe airgeadais comhthreomhara i roinnt cásanna ardphróifíle a bhain le polaiteoirí, comhaltaí d'institiúidí na hAlbáine, breithiúna, údaráis áitiúla agus an earnáil ghnó.

***c) Leanúint den dul chun cinn maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.***

San fhrithsceimhlitheoireacht, lean an Albáin dá dea- dhul chun cinn maidir leis na cúig chuspóir a chur chun feidhme, ar cuspóirí iad a leagadh amach i gcomhphlean gníomhaíochta 2018 san fhrithsceimhlitheoireacht le haghaidh na mBalcán Thiar agus maidir leis na bearta a áiríodh sa socrú déthaobhach a síníodh leis an gCoimisiún in 2019. Ó mhí an Mheithimh 2021, tugadh na cionta uile a bhain leis an sceimhlitheoireacht agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta faoi fhreagracht Oifig an Ionchúisitheora Speisialta Éillitheachta agus Coireachta Eagraithe. Tá an comhar idirnáisiúnta agus malartú faisnéise maidir le fillithe fós sásúil.

Tá dea- chomhar ann freisin leis an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais maidir le bearta an phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme i gcomhréir le moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais agus leis an gCoiste Saineolaithe maidir le Meastóireacht ar Bhearta Frithsciúrtha Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta (Moneyval).

D'fhreastail an tAonad um Imscrúdú Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta ar shé chúrsa oiliúna in 2021 arna n- eagrú ag OCSE, UNODC, agus CEPOL, i measc eagraíochtaí eile.

***d) Staonadh ó scéim cónaithe infheisteoirí ar bhonn an Dlí nua maidir leis an tSaoránacht.***

In ainneoin imní an Choimisiúin a cuireadh in iúl in 2019[12], ó mhí Iúil 2020, bhí reachtaíocht i bhfeidhm ag an Albáin lena gceadaítear 'scéim saoránachta trí infheistíocht' ('pasanna óir') a chur ar bun. Tá meitheal chomhpháirteach curtha ar bun ag Gníomhaireacht na gClár Saoránachta Speisialta chun staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir leis an scéim a chur chun feidhme amach anseo. In 2022, ghlac an Rialtas le cinneadh lena dtugtar isteach bunús dlí chun go seolfaidh an Aireacht Intíre nós imeachta Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí chun na cláir saoránachta a chur chun feidhme.

Bheadh sé contrártha do na moltaí a rinneadh in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí* agus i bpacáiste um méadú 2021 scéim saoránachta d'infheisteoirí a chur ar bun[13]. D'fhéadfaí scéim saoránachta d'infheisteoirí a úsáid chun nós imeachta an Aontais maidir le víosaí gearrfhanachta a sheachaint mar aon leis an measúnú domhain ar rioscaí imirce aonair agus slándála a bhaineann leis an nós imeachta sin, lena n- áirítear imghabháil fhéideartha bheart chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc. Is údar mór imní é sin don Aontas i gcomhthéacs a chomhaontaithe taistil gan víosa leis an Albáin[14]. Tá an Coimisiún den tuairim, más rud é go meastar gur riosca méadaithe iad scéimeanna den sórt sin do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát, go bhféadfar an córas taistil gan víosa a chur ar fionraí[15].

### 3. Moltaí le haghaidh na hAlbáine

Tá gníomhaíocht déanta ag an Albáin chun aghaidh a thabhairt ar fhormhór na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe. Mar sin féin, tá bearta déanta ag an tír atá contrártha do dhá mholadh, a bhaineann le hailíniú ó thaobh víosaí de agus le scéim saoránachta d'infheisteoirí. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh dul chun sinn, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas.

---

12 Roimh scrúdú Pharlaimint na hAlbáine ar an dréacht- Dlí um Shaoránacht, meabhraíodh in *An Tríú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí* gur sheol an Coimisiún litir chuig rialtas na hAlbáine i mí Dheireadh Fómhair 2019 lenar iarradh soiléiriú maidir leis sin agus lenar tugadh foláireamh dó faoi na rioscaí atá ina gcuid bhunúsach leis agus faoi iarmhairtí féideartha i dtaca le scéim den sórt sin a thabhairt isteach.

13 SWD(2021) 289 final.

14 Cuireadh na rioscaí sin i dtábhacht freisin sa Mholadh ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 maidir le céimeanna láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí (C(2022) 2028). Ina theannta sin, i rún an 9 Márta 2022, mhol Parlaimint na hEorpa gur cheart deireadh le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a áireamh i gcritéir bhallraíochta an Aontais (2021/2026(INL)).

15 Féach, ina leith sin, Cinneadh (AE) 2022/366 ón gComhairle an 3 Márta 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú maidir le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach (IO L 69, 4.3.2022, lch. 105).

a) Beartas víosaí na hAlbáine a ailíniú, mar ábhar tosaíochta, le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Staonadh ó scéim saoránachta d'infheisteoirí a chur chun feidhme agus an bunús dlí le haghaidh scéim den sórt sin a aisghairm tríd an Dlí maidir leis an Saoránacht a leasú.

c) Leanúint den chomhar leis na Ballstáit is mó dá ndéantar difear le hiarratais ar thearmainn gan bhunús ag náisiúnaigh de chuid na hAlbáine agus feachtais faisnéise a chur chun feidhme faoin gcóras taistil gan víosa, iad á gcur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), iad siúd dá n- ordaítear filleadh, agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.

d) Leanúint de chosc na héillitheachta a láidriú mar aon leis an troid ina haghaidh, agus in aghaidh na coireachta eagraithe, na gáinneála aindleathaí, na sceimhlitheoireachta agus sciúradh airgid tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) rannpháirtíocht na hAlbáine in EMPACT a threisiú; (ii) tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a fhorbairt maidir le cásanna éillitheachta agus coireachta eagraithe, mar aon le sócmhainní coiriúla de thoradh na gcionta sin a urghabháil, a choigistiú agus a aisghabháil; (iii) aghaidh a thabhairt ar gach mír dá bhfuil fágtha i bplean gníomhaíochta an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

e) Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an socrú déthaobhach a chur chun feidhme faoin gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar.

## II. An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin

### 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

#### 1.1. Gníomhaíocht atá déanta i réimse na himirce, an tearmainn agus an chomhair maidir leis an athligean isteach

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí.*

***a) Feabhas a chur, ar gach leibhéal, ar chomhordú an bhainistithe teorainneacha agus an bhainistithe inniúlachta inimirce, go háirithe trí fheidhmiú an chórais tearmainn a áirithiú agus acmhainneacht glactha leordhóthanach a sholáthar d'inimircigh; na bearta is gá a dhéanamh chun an comhaontú stádais a shíniú le Frontex.***

Tá straitéis agus plean gníomhaíochta 2019-2023 um bainistiú comhtháite teorainneacha á gcur chun feidhme ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. Tá straitéis agus plean gníomhaíochta um inimirce agus tearmann le haghaidh 2021-2025 ar feitheamh lena nglacadh.

Tuairiscíonn na Ballstáit agus Frontex dea- chomhar maidir leis an athligean isteach leis an mBoisnia agus leis an Heirseagaivéin agus cur chun feidhme sásúil Chomhaontú an Aontais um Athligean isteach, mar a sonraíodh sa Chomhchoiste um Athligean Isteach i mí na Nollag 2021 freisin. Tuairiscíonn roinnt Ballstát (an Chróit, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír agus an Ostair) comhar maidir leis an mbainistiú teorainneacha agus imirce toisc gur sholáthair siad trealamh agus oiliúint do na húdaráis ábhartha sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Tá straitéis 2020-2023 um athimeascadh fillithe á cur chun feidhme ag an tír freisin, d'ainneoin acmhainní teoranta.

Rinneadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhordú tríd an straitéis a luaitear thuas, trí phlean gníomhaíochta 2019-2023 um bainistiú comhtháite teorainneacha, agus trí chruinnithe tráthrialta tascfhórsa a bunaíodh faoin Aireacht Slándála. Bhí torthaí coincréiteacha teoranta áfach. Lean an Aireacht Slándála d'iarrachtaí a threisiú chun feabhas a chur ar an mbainistiú imirce, agus tháinig feabhas i gcoitinne ar an gcaidreamh le húdaráis áitiúla. Ní mór fós don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin lánúinéireacht a ghlacadh ar an mbainistiú imirce agus ar na lárionaid ghlactha uile. Ba cheart na hualaí a chomhroinnt ar bhealach níos cothroime i measc na n- eintiteas agus na gcantún uile, agus lánúinéireacht a bheith ag údaráis an Stáit sa bhainistiú imirce. Níl ach maoiniú poiblí teoranta ar fáil chun an imirce a bhainistiú, rud lena ndéantar difear d'éifeachtacht an Stáit maidir le beartais a cheapadh freisin. Is tír idirthurais thábhachtach fós í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i mbealach na mBalcán Thiar maidir le sreabha neamhrialta agus smuigleáil imirceach chuig an Aontas.

Mar a tuairiscíodh i bpacáistí um méadú 2021 agus 2022, tá constaicí tromchúiseacha fós ann roimh rochtain éifeachtach ar nósanna imeachta tearmainn a áirithiú. Ní mór an reachtaíocht tearmainn a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, go háirithe chun urramú córasach na ráthaíochtaí nós imeachta a áirithiú d'iarrthóirí tearmainn. Ba cheart an rochtain ar nósanna imeachta tearmainn a láidriú chun a áirithiú go ndéanfar éilimh a phróiseáil níos tapúla agus go héifeachtach. I mí na Nollag 2020, ghlac an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin treochlár 2020-2021 maidir le comhar leis an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) anois) maidir leis na córais tearmainn agus ghlactha a láidriú i gcomhréir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus le caighdeáin an Aontais. Ba cheart leanúint den chomhar le EUAA agus é a threisiú. Straitéis agus plean gníomhaíochta um inimirce agus tearmann 2021-2025 a ghlacadh agus a chur chun feidhme, ba cheart gur rannchuidiú nach beag a bheidh sa mhéid sin maidir le feabhas a chur ar an mbeartas tearmainn. Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun an rochtain éifeachtúil ar an tearmann a áirithiú, mar aon le nósanna imeachta éifeachtúla agus an comhar agus an comhordú idir gníomhaireachtaí.

In 2021, bhí an líon daoine a tháinig isteach go neamhrialta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (15 812) inchomparáide le 2020 agus i bhfad níos ísle ná ab amhlaidh in 2018 agus 2019[16]. Osclaíodh lárionad glactha in Lipa, cóngarach do Bihać (Cantún Una- Sana), i mí na Samhna 2021, agus acmhainneacht aige chun 1 500 duine a óstáil. Faoi dheireadh 2021, as na háiteanna atá ar fáil sa chóras náisiúnta glactha, bhí thart faoin tríú cuid díobh sealbhaithe (2 162 as 6 050). Bhí an acmhainneacht lóistín fós comhchruinnithe i gCantúin Una- Sana agus Shairéavó, gan aon chomhroinnt chothrom i measc eintiteas ná cantún.

Níor shínigh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an comhaontú stádais leis an Aontas fós lena gceadófaí don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a bhuanchór a imlonnú ag teorainn na tíre leis an Aontas, chun gníomhaíochtaí oibriúcháin a dhéanamh in éineacht le Póilíní na dTeorainneacha.

***b) Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.***

[16] Cé nach bhfuil sonraí oifigiúla le haghaidh 2022 ar fáil fós, tá comharthaí ann gur tháinig méadú le linn na chéad 6 mhí de 2022 ar an líon daoine a bhí ag teacht isteach go neamhrialta sa Bhoisnia agus Heirseagaivéin.

Ní dhearna an Bhoisnia ná an Heirseagaivéin gníomhaíocht in 2021 chun beartas víosaí na tíre a ailíniú a thuilleadh le beartas an Aontais. Náisiúnaigh ó roinnt tríú tíortha, lena n-áirítear an Asarbaiseáin, an Bhairéin, Catar, Cuáit, Óman, an Rúis, an tSín agus an Tuirc, tá siad díolmhaithe ó cheanglas víosa i gcás na Boisnia agus na Heirseagaivéine. Ní mór do náisiúnaigh de chuid na dtíortha uile sin víosa bailí a bheith acu chun teacht isteach san Aontas. Ba cheart aon imeacht eile ó liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas a sheachaint. Ba cheart do Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir lena beartas víosaí a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais, go háirithe maidir leis na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas. Beidh sé sin ina théama tábhachtach den idirphlé leanúnach idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. I gcomhthéacs an tsásra fionraíochta víosaí agus i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán Víosaí, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar ghníomhaíocht na Boisnia agus na Heirseagaivéine i dtreo an ailínithe le beartas víosaí an Aontais.

### 1.2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

In 2021, chuir náisiúnaigh de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine 2 695 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach sna Ballstáit, 78 % níos mó ná ab amhlaidh in 2020 (1 510). Tháinig méadú ar an ráta aitheantais ó 4 % in 2020 go 5 % in 2021.

In 2021, thuairiscigh na Ballstáit 17 dtrasnú teorann neamhrialta ag náisiúnaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar theorainneacha seachtracha an Aontais, méadú 42 % i gcomparáid le 2020 (12). In 2021, tháinig méadú 17 % ar an líon náisiúnach de chuid ón mBoisnia agus ón Heirseagaivéin ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta, agus 4 200 fanacht neamhrialta ann in 2021 i gcomparáid le 3 595 in 2020. Tháinig laghdú 39 % ar an líon diúltuithe cead isteach ó 8 145 in 2020 go 4 995 in 2021.

Maidir leis an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na Boisnia agus na Heirseagaivéine (2 740 in 2021 in aghaidh 2 710 in 2020, laghdú 1 %), agus an líon daoine a filleadh (900 in 2021 in aghaidh 1 010 in 2020, titim 11 %), d’fhan sé cuíosach cobhsaí in 2021 i gcomparáid le 2020.

## 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

Mar a tuairiscíodh i bPacáiste um Méadú 2021, maidir leis na easpa gealltanais i leith athchóirithe ceartais ó ghníomhaithe polaitiúla agus le drochfheidhmiú an chórais bhreithiúnaigh, lean siad de dhochar a dhéanamh do na cearta atá ag saoránaigh agus don troid in aghaidh na héillitheachta agus na coireachta eagraithe. Tá táscairí na héillitheachta fós ard agus déanann an tsaincheist sin difear do shaol laethúil na saoránach agus d’infheisteoirí eachtracha. Tá an cuntas teiste maidir leis an éillitheacht a chosc agus a chur faoi chois (lena n- áirítear ag ardleibhéal) fós neamhshuntasach, i ngeall ar an neamhéifeachtúlacht oibriúcháin agus ar an gcur isteach polaitiúil. Is údar imní ar leith é nach bhfuil aon chóras éifeachtúil ann faoina bhféadfaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí sócmhainní a dhearbhú.

I réimse an oird phoiblí agus na slándála, déantar difear d’éifeachtúlacht ghníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí le hinniúlachtaí contrártha agus leis an easpa comhair. Ní mór feabhas a chur ar ghairmiúlacht agus ar chuntasacht na ngníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí. Níor baineadh aon dul chun cinn amach maidir le ceapacháin thrédhearcacha ná arduithe céime bunaithe ar fhiúntas, gan cur isteach polaitiúil.

Is gá feabhas suntasach a chur ar an reachtaíocht maidir le drugaí, gáinneáil ar dhaoine agus cibearchoireacht. Is gá don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin pointe fócais maidir le hairm thine a bhunú agus cóid choiriúla a chomhchuibhiú le Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe. Níl sásraí dlíthiúla chun sócmhainní coiriúla a chalcadh, a bhainistiú agus a choigistiú sách éifeachtach. Ba cheart don tír an troid in aghaidh líonraí coireachta eagraithe trasnáisiúnta a threisiú i gcomhar le Europol agus tríd an rannpháirtíocht aici i ngníomhaíochtaí EMPACT a mhéadú.

Tá formhór na reachtaíochta frithscéimhlitheoireachta ailínithe le *acquis* an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha. Mar sin féin, tháinig deireadh in 2020 leis an straitéis mar aon leis an gcreatphlean gníomhaíochta um chosc na sceimhlitheoireachta agus um an fhrithsceimhlitheoireacht. Tá straitéis de bhearta leantacha le haghaidh 2021 go 2026 á dréachtú ach níor glacadh fós í.

Tuairiscíonn na Ballstáit dea- chomhar leis an mBoisnia agus leis an Heirseagaivéin i réimse na slándála. In 2021, chuaigh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i mbun gníomhaíochtaí comhpháirteacha le roinnt Ballstát, lena n- áirítear an Ghearmáin, an Ísiltír, an Laitvia, an tSeicia agus an tSualainn.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Leanúint den dul chun cinn sa troid in aghaidh na héillitheachta, lena n- áirítear an éillitheacht ag ardleibhéal, trí reachtaíocht éifeachtúil maidir le coinbhleachtaí leasa, soláthar poiblí agus cosaint sceithirí a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus feidhmiú agus comhordú éifeachtach comhlachtaí frithéillitheachta a áirithiú.***

Níor cuireadh an moladh chun feidhme in 2021[17]. Ullmhaíodh dréachtdlíthe maidir le coinbhleachtaí leasa agus soláthar poiblí, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus dea- chleachtais Eorpacha, ach níor glacadh aon cheann díobh in 2021. Tá dréachtdlí maidir le cosaint sceithirí, i gcomhréir le *acquis* an Aontais, fós le forbairt.

Lean feidhmiú agus comhordú na gcomhlachtaí um chosc na héillitheachta ina measc féin agus leis an nGníomhaireacht um Chosc na hÉillitheachta agus um Chomhordú na Troda in aghaidh an Éillithe (APIK) de bheith neamhéifeachtach. Ní mór neamhspleáchas na gcomhlachtaí um chosc na héillitheachta a cuireadh ar bun ar leibhéal na n- eintiteas agus na gcantún a láidriú go suntasach. Mar a tuairiscíodh i bpacáiste um méadú 2021, lean oifig frithéillitheachta Chantún Shairéavó de dhea- dhul chun cinn a dhéanamh, agus rinne siad rioscaí na héillitheachta a mhapáil mar aon le faireachán ar sholáthar poiblí, agus is dea- shampla fós í i measc chomhlachtaí na gcantún. I mí na Bealtaine 2021, ghlac Cantún Tuzla reachtaíocht chun oifig frithéillitheachta a bhunú, agus i mí na Nollag 2021, glacadh Dlí maidir le dearbhuithe sócmhainní ó oifigigh phoiblí a thuairisciú agus a fhíorú, agus múnla Chantún Shairéavó á leanúint. Tá comhordú ar fud na tíre fós in easnamh.

***b) Iarrachtaí a láidriú lena dtéitear i ngleic leis an gcoireacht eagraithe, go háirithe trí chomhar éifeachtach a áirithiú i measc na gcomhlachtaí um fhorfheidhmiú an dlí agus le hoifigí ionchúisitheoirí mar aon le cuntas teiste a thógáil maidir le himscrúduithe réamhghníomhacha, mar aon le díotálacha agus ionchúisimh dheimhnithe agus ciontuithe críochnaitheacha in aghaidh na coireachta eagraithe***.

[17] Glacadh leasuithe ar an dlí maidir le soláthar poiblí i mí Lúnasa 2022 ar deireadh.

Níor cuireadh an moladh sin chun feidhme. Mar a tuairiscíodh i bpacáiste um méadú 2021, maidir le comhar teoranta na ngníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí leis na hoifigí ionchúisitheoirí agus le heaspa na seiceálacha éifeachtacha ag na hionchúisitheoirí ar na póilíní, lean an dá ní sin de bhac tromchúiseach a chur ar éifeachtacht na n- imscrúduithe. Dúshláin leanúnacha is ea easnaimh chórasacha i gcomhar oibriúcháin na ngníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí mar aon le malartú faisnéise an- teoranta. Sa bheagán cásanna éillitheachta ardleibhéil a tuairiscíodh, leanadh de na nithe seo a leanas a bhreathnú: bearta leantacha breithiúnacha roghnaíocha, botúin ó thaobh an dlí de, faillí, mí- úsáid á baint as nósanna imeachta, brú polaitiúil, údar amhrais le cinntí cúirte agus ionsaithe ó bhéal ar an ionchúisitheoir.

c) ***Pointe teagmhála Europol a chur ar bun agus leanúint den dul chun cinn maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme***

Níor cuireadh an moladh sin chun feidhme. Mar a tuairiscíodh i bpacáiste um méadú 2021, cé go bhfuil roinnt réamhbheart déanta ag na húdaráis, níl aon chomhar oibriúcháin ann le Europol. Tá comhaontú mhí an Mhárta 2017 maidir leis an gcomhar oibriúcháin agus straitéiseach le Europol fós le cur chun feidhme toisc nach bhfuil an pointe teagmhála le haghaidh Europol curtha ar bun go hiomlán. Cheap údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine an t- oifigeach idirchaidrimh chun na Háige le déanaí, ach ní féidir an t- oifigeach a phostú chun ceanncheathrú Europol fad nach bhfuil an pointe teagmhála náisiúnta i Sairéavó i mbun feidhme. Tá comhar na tíre le Europol fós teoranta. Tá an malartú faisnéise fós ag tarlú trí aonad laistigh den Stiúrthóireacht um Chomhordú Chomhlachtaí Póilíneachta na Boisnia agus na Heirseagaivéine, a ndeachaigh a sainordú in éag agus a bhfuil eintiteas *Republika Srpska* tar éis a chomhar oibriúcháin leis a chur ar fionraí.

I mí Mheán Fómhair 2021, níor taispeánadh ach dul chun cinn teoranta sa tríú tuarascáil de chuid na Boisnia agus na Heirseagaivéine maidir le cur chun feidhme shocrú 2019 a ghabhann le Comhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar 2018. Tarlaíonn pléití beartais faoin bhfrithsceimhlitheoireacht idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin go tráthrialta. Ní mór inniúlacht agus éifeachtacht an tascfhórsa um fhrithsceimhlitheoireacht agus roinn frithsceimhlitheoireachta oifig an ionchúisitheora stáit a láidriú go suntasach. Tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ag obair ar straitéis náisiúnta a ghlacadh um an fhrithsceimhlitheoireacht agus um chosc an antoisceachais fhoréignigh. Níor ghlac an tír reachtaíocht nua in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta fós i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais.

### 3. Moltaí le haghaidh na Boisnia agus na Heirseagaivéine

Ní mór don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir leis an éillitheacht agus leis an gcoireacht eagraithe a throid agus an imirce agus an tearmann a bhainistiú. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas a thuilleadh.

a) Beartas víosaí na Boisnia agus na Heirseagaivéine a ailíniú le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Leanúint d'iarrachtaí chun comhordú éifeachtach an bhainistithe teorainneacha agus an bhainistithe imirce a áirithiú, lena n- áirítear dáileadh cothrom na hacmhainneachta glactha i measc na n- eintiteas agus na gcantún uile, rochtain níos éifeachtúla ar nósanna imeachta

tearmainn a ráthú, agus straitéis agus plean gníomhaíochta um an imirce a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

c) Comhaontú stádais EBCGA leis an Aontas a shíniú agus a ráthú.

d) An pointe teagmhála náisiúnta comhpháirteach le Europol a chur i mbun feidhme.

e) An straitéis náisiúnta um chosc agus chomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh a ghlacadh agus a chur chun feidhme agus leanúint den socrú déthaobhach a chur chun feidhme faoin gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar.

f) Dul chun cinn a léiriú sa troid in aghaidh na héillitheachta agus na coireachta eagraithe, lena n- áirítear ag ardleibhéal, tríd an méid seo a leanas: reachtaíocht éifeachtúil maidir le coinbhleachtaí leasa a ghlacadh agus a chur chun feidhme, an dlí nua maidir le soláthar poiblí a chur chun feidhme, sceithirí a chosaint, agus áirithiú go n- oibreoidh comhlachtaí frithéillitheachta le chéile go héifeachtach agus go mbeidh siad ag comhordú le chéile.

g) Oifig um aisghabháil sócmhainní a bhunú nó a ainmniú, ar oifig í a bheidh i gceannas ar shócmhainní coiriúla a shainaithint agus a rianú chun an comhar leis na Ballstáit a fheabhsú.

h) Measúnú riosca agus reachtaíocht nuashonraithe náisiúnta a ghlacadh in aghaidh an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais.

## III. Montainéagró

### 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

### 1.1. Gníomhaíocht atá déanta i réimse na himirce, an tearmainn agus an chomhair maidir leis an athligean isteach

In 2021, lean Montainéagró dá acmhainneacht a mhéadú maidir leis an mbainistiú teorainneacha agus an tearmann agus de na straitéisí ábhartha a chur chun feidhme. Glacadh an straitéis um imirce agus athimeascadh fillithe le haghaidh 2021-2025 i mí Mheán Fómhair 2021. I mí an Mheithimh 2022, tháinig Montainéagró isteach i nGréasán Imirce na hEorpa, líonra saineolaithe imirce agus tearmainn, mar chomhalta breathnóireachta neamhvótála.

I mí na Nollag 2021, shínigh Montainéagró treochlár comhair leis an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann anois), arb é aidhm an treochláir córas tearmainn Mhontainéagró a láidriú, lena n- áirítear an nós imeachta um chinneadh stádais, coinníollacha glactha, agus pleanáil theagmhasach a fhorbairt.

Leanadh de thorthaí a bhaint amach de thoradh an chomhair dhearfaigh le Frontex faoi Chomhaontú Stádais Mhontainéagró leis an Aontas agus inniúlachtaí phóilíní theorainneacha Mhontainéagró a láidriú.

Thuairiscigh na Ballstáit dea- chomhar le Montainéagró freisin i mbainistiú imirce agus teorainneacha (go háirithe an Chróit, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír), fillithe, agus cur chun feidhme Chomhaontú an Aontais um Athligean Isteach, mar a cuireadh in iúl sa Chomhchoiste um Athligean Isteach a reáchtáladh i mí na Samhna 2021.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

a) ***Feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.***

In 2021, níor ghá feachtais faisnéise a eagrú dar le Montainéagró i ngeall ar na srianta taistil leanúnacha a bhí nasctha le COVID-19.

b) ***Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí Mhontainéagró a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.***

Ní dhearna Montainéagró aon ghníomhaíocht chun a bheartas víosaí a ailíniú le liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa. I gcodarsnacht leis sin, in 2021 agus go luath in 2022, d'imigh Montainéagró níos faide ar shiúl ón mbeartas a moladh.

Náisiúnaigh ó roinnt tríú tíortha, lena n-áirítear an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Catar, Cúba, Eacuadór, an Rúis agus an Tuirc, tá siad díolmhaithe ó víosa i gcás Mhontainéagró. I gcás roinnt náisiúntachtaí, díolúintí séasúracha atá i gceist agus, i gcás náisiúntachtaí eile, bíonn na díolúintí bailí ar feadh na bliana ar fad.

I mí an Mhárta 2021, chuir Montainéagró síneadh leis an tarscaoileadh víosa do shaoránaigh eachtracha ag a bhfuil cead fanachta bailí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE). Níl síneadh den sórt sin i gcomhréir le beartas víosaí an Aontais agus baineadh mí- úsáid as toisc nár fhill roinnt náisiúnach eachtrach ag a raibh cead cónaithe de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar an tír sin agus d'éalaigh siad ina áit sin agus é de rún acu teacht isteach san Aontas is dócha.

An 26 Bealtaine 2022, ghlac Montainéagró cinneadh lenar deonaíodh tarscaoileadh víosa sealadach le haghaidh shaoránaigh na hAraibe Sádaí ón 1 Meitheamh go 30 Meán Fómhair 2022, arbh éard ab aidhm dó an laghdú ar an líon turasóirí a thagann ón Rúis agus ón Úcráin a mhaolú.

Ba cheart aon imeacht eile ó liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas a sheachaint. Ba cheart do Mhontainéagró a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir lena beartas víosaí a ailíniú le liosta an Aontais, go háirithe maidir leis na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce nó slándála. Beidh sé sin ina théama tábhachtach den idirphlé leanúnach idir an tAontas agus Montainéagró. I gcomhthéacs an tsásra fionraíochta víosaí agus i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán Víosaí, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar ghníomhaíocht Mhontainéagró i dtreo an ailínithe le beartas víosaí an Aontais.

### 1.2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

Tháinig méadú 65 % idir 2020 agus 2021 ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh sna Ballstáit ag náisiúnaigh de chuid Mhontainéagró, agus taisceadh 420 iarratas in 2021 i gcomparáid le 255 in 2020. Tháinig méadú ar an ráta aitheantais ó 2 % in 2020 go 5 % in 2021.

Thuairiscigh na Ballstáit dhá thrasnú teorann neamhrialta in 2021 ag náisiúnaigh Mhontainéagró tar éis 2 bhliain gan aon trasnú teorann neamhrialta ann. Tháinig méadú 10 % ar an líon náisiúnach de chuid Mhontainéagró ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta in 2021 (925 in 2020 le

hais 1 020 in 2021). In 2021, ba é 515 an líon diúltuithe cead isteach le haghaidh náisiúnaigh Mhontainéagró sna Ballstáit, 6 % níos mó ná ab amhlaidh in 2020 (485).

Tháinig laghdú 1 % ar an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na tíre (490 in 2021 in aghaidh 495 in 2020), agus bhain titim 12 % leis an líon daoine a filleadh (260 in 2021 in aghaidh 295 in 2020).

### 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

In 2021, lean Montainéagró de ghníomhaíocht a dhéanamh in aghaidh na coireachta eagraithe (lena n- áirítear an gháinneáil ar dhaoine) agus in aghaidh na sceimhlitheoireachta. I mí na Nollag 2021, ghlac an rialtas le straitéis 2022-2025 um an sceimhlitheoireacht, sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chur faoi chois, agus ghlac plean gníomhaíochta 2022-2023 freisin.

Tuairiscíonn na Ballstáit dea- chomhar foriomlán le Montainéagró i réimse na slándála. In 2021, lean Montainéagró den chomhar déthaobhach le roinnt Ballstát i réimse an oird phoiblí agus na slándála, lena n- áirítear an Ghearmáin agus an tSualainn. Choinnigh Montainéagró a chomhar le Europol agus le Eurojust ar bun freisin. Thairis sin, lean póilíní Mhontainéagró d’fhaisnéis a roinnt le INTERPOL chun grúpaí sceimhlitheoireachta gníomhacha a shainaithint agus chun rannchuidiú le bagairtí sceimhlitheoireachta a throid.

Tá an comhar leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) ar gcúl. Ba cheart do Mhontainéagró bearta a dhéanamh chun an comhar teicniúil leis an ngníomhaireacht a athnuachan chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le faisnéis drugaí agus pléití a sheoladh maidir le socrú oibre a shíniú.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Cuntas teiste na gciontuithe críochnaitheacha agus an choigistithe sócmhainní a chomhdhlúthú.***

Ba cheart feabhas a chur ar an gcóras faisnéise breithiúnaí (PRIS) atá ann cheana trí chlár forbartha TCF breithiúnaí 2021-2023 a chur chun feidhme. Tá sé d’aidhm ag an gclár a áirithiú go ndéanfar taifid iomlána ar gach cinneadh cúirte críochnaitheach a dhigitiú go hiomlán agus a tháirgeadh chun gur féidir staitisticí cruinne iontaofa a ghiniúint. Tá coinne le cur chun feidhme iomlán an chórais sna cúirteanna uile faoi lár 2023.

Leanann Montainéagró dá chuntais teiste a fhorbairt maidir le himscrúduithe, ionchúisimh, agus ciontuithe críochnaitheacha i gcásanna éillitheachta ardleibhéil, ach is féidir tuilleadh feabhais a chur air sin.

In 2021, thionscain Oifig Ionchúisitheoir Speisialta an Stáit imscrúduithe ar chionta coiriúla na héillitheachta ardleibhéil in 15 chás in aghaidh 70 duine aonair agus 19 n- eintiteas dhlíthiúla (i gcomparáid le 8 gcás in aghaidh 35 dhuine agus 8 n- eintiteas dhlíthiúla in 2020).

Ní mór do Mhontainéagró feabhas substaintiúil a chur ar a chur chuige dlíthiúil i leith imscrúduithe airgeadais agus coigistiú sócmhainní le haghaidh cionta éillitheachta ardleibhéil mar aon le feabhas substaintiúil a chur ar a chuntas teiste ina leith sin. In 2021, calcadh sócmhainní go sealadach in trí chás. Bhí roinnt dul chun cinn tosaigh ann maidir le coigistiú leathnaithe a úsáid i gcásanna éillitheachta, agus coigistiú críochnaitheach ann in aon chás amháin, agus tá tuiscint níos fearr ann faoin tábhacht a bhaineann le himscrúduithe airgeadais comhthreomhara a sheoladh.

Tá aghaidh le tabhairt fós ar an ngá le beartas pionós níos díspreagthaí agus níos comhsheasmhaí chun feabhas a chur ar bhfreagairt ó thaobh an cheartais choiriúil de ar an éillitheacht agus ar an éillitheacht ardleibhéil. Ní mór a bheith fíorchúramach ar fad agus úsáid á baint as comhaontuithe margála pléadála, chun na gcríoch ceart, agus na coimircí uile is gá á n- urramú.

Leanadh d'fheabhas a chur ar an gcuntas teiste maidir leis an éillitheacht a chosc. Bhí idir an Ghníomhaireacht um Chosc na hÉillitheachta agus a comhairle réamhghníomhach ina gcuid oibre agus méadaíodh an líon gníomhaíochtaí for- rochtana leis an bpobal, na meáin chumarsáide, agus leis an tsochaí shibhialta.

Baineadh dul chun cinn suntasach amach maidir leis an líon dearbhuithe sócmhainní fíoraithe agus maidir le nósanna imeachta fíorúcháin doimhne a bhí á gcur i bhfeidhm ag an ngníomhaireacht. In 2021, dúblaíodh an líon nósanna imeachta riaracháin agus um oilghníomh a tionscnaíodh i gcomparáid le 2020. D'ainneoin chur chuige réamhghníomhach na gníomhaireachta maidir le himscrúdú agus pionósú a dhéanamh ar sháruithe an dlí lena gcoisctear an éillitheacht i ndearbhuithe sócmhainní agus bagairtí don leas poiblí, tá riaráiste suntasach fós ann ó na blianta roimhe, go háirithe i dtaca le cásanna ardphróifíle.

Sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe, lean Montainéagró d'imscrúduithe coiriúla a dhéanamh níos éifeachtaí. Athbhunaíodh lánúsáid na beart imscrúdúcháin speisialta. Le hathruithe reachtacha, tugadh coimircí isteach in aghaidh tionchar polaitiúil i gceapadh nó i ndífhostú an Stiúrthóra Póilíneachta. Cruthaíodh clár úinéireachta tairbhiúla freisin. Cuireadh feabhas ar an gcreat riaracháin um airm thine. Maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine, bhí tuilleadh cásanna ar feitheamh ag na cúirteanna agus fógraíodh tuilleadh ciontuithe críochnaitheacha.

Gabhadh roinnt príomhdhaoine de chuid grúpaí coireachta eagraithe, agus urghabháladh an líon drugaí ba mhó riamh, nach mór, arís eile. Seoladh an chéad fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú, agus tá an líon ciontuithe críochnaitheacha i gcásanna coireachta eagraithe ag dul i méid.

Mar sin féin, ní mór don tír feabhas a chur ar a chuntas teiste maidir le cinntí cúirte i dtaca leis an smuigleáil tobac agus sciúradh airgid, úsáid imscrúduithe airgeadais agus na hinniúlachtaí chun fáltais na coireachta a choigistiú. Tá Montainéagró fós le haghaidh a thabhairt ar roinnt easnamh córasach cothrománach atá ina chóras ceartais choiriúil, lena n- áirítear an bealach a láimhseáiltear cásanna coireachta eagraithe sna cúirteanna. Beidh gá le beartas níos díspreagthaí maidir le pionóis a ghearradh lena aghaidh sin, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na margálacha pléadála i gcásanna coireachta eagraithe agus tromchúisí.

***b) An inniúlacht a láidriú chun cásanna sciúrtha airgid a ionchúiseamh agus breithiúnas a thabhairt orthu.***

Maidir leis an bhfrithsciúradh airgid, tá Montainéagró fós lena reachtaíocht a ailíniú leis an gcúigiú Treoir ón Aontas um Fhrithsciúradh Airgid[18] mar aon le roinnt fadhbanna cur chun feidhme a réiteach maidir leis an úinéireacht thairbhiúil agus leis an maoirseacht. Tá an dlí maidir le cluichí áidh fós le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Leis an dlí atá i bhfeidhm

[18] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73–117.

faoi láthair, tá bealaí éalaithe substaintiúla fós ann agus dá bhrí sin méadaítear an riosca maidir leis an sciúradh airgid agus leis an maoiniú sceimhlitheoireachta sa réimse ardriosca sin toisc nach leordhóthanach na coimircí dlíthiúla in aghaidh thionchar na coireachta eagraithe i struchtúr úinéireachta na gcluichí áidh.

Cruthaíodh clár úinéireachta tairbhiúla i mí Feabhra 2022, lena soláthraítear do na húdaráis faisnéis maidir le daoine nádúrtha arb acu, ar deireadh, atá úinéireacht nó rialú ar scaireanna cuideachtaí nó eagraíochtaí atá cláraithe i Montainéagró. Tá clár lárnach de chuntais chónaitheoirí ag Banc Ceannais Mhontainéagró ach níl clár aige de chuntais neamhchónaitheacha, rud atá ina uirlis ríthábhachtach le haghaidh imscrúduithe a bhaineann le neamhchónaitheoirí. Níor tugadh aghaidh ar an bhfadhb a bhaineann le clár talún nach bhfuil iomlán, agus cuireann sé sin bac ar éifeachtúlacht na n- imscrúduithe airgeadais agus na gcoigistithe sócmhainní.

Leanadh d'fheabhas a chur ar chuntas teiste tosaigh na n- imscrúduithe ar an sciúradh airgid ach tá an líon cásanna fós teoranta. In 2021, tugadh dhá fhíorasc cúirte in aghaidh triúir, agus iad uile bunaithe ar chomhaontuithe margála pléadála.

***c) Torthaí níos fearr a bhaint amach mar fhreagairt ar an gcoireacht eagraithe, lena n- áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an úsáid a bhaintear as margálacha pléadála go minic.***

I gcásanna coireachta eagraithe, leanadh den ardú a bhí ag teacht ar an líon breithiúnas agus ciontuithe cúirte in 2021, rud lena léirítear an méadú seasta ar an líon imscrúduithe le 2 bhliain anuas.

Fuair an Aireacht Ceartais tacaíocht ó Chlároifig Chomhairle na hEorpa in Podgorica chun anailís a dhéanamh ar an mbealach a chuirtear comhaontuithe margála pléadála i bhfeidhm, lenar leagadh amach moltaí le haghaidh leasuithe féideartha is gá a dhéanamh ar an dlí. Úsáidfidh an mheitheal é sin, ar meitheal í a chuir an Aireacht ar bun, chun togra leasuithe ar an gCód Nósanna Imeachta Coiriúla a ullmhú.

***d) Leanúint den dul chun cinn maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.***

Lean Montainéagró den socrú déthaobhach a chur chun feidhme faoin gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar. I mí an Mheithimh 2021, bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Slándála biúró le haghaidh chomhordú oibriúcháin na n- institiúidí lena gcuimsítear an Earnáil Faisnéise Slándála. Ghlac an tír le cinneadh freisin chun comhordaitheoir náisiúnta agus comhaltaí a cheapadh le haghaidh na foirne náisiúnta idir- rannaí chun deireadh a chur leis an antoisceachas foréigneach, sceimhlitheoireacht, sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta.

I mí Aibreáin 2021, ghlac Montainéagró le rialacháin chur chun feidhme a ghabhann leis an dlí maidir le bonneagair chriticiúla a ainmniú agus a chosaint. I mí na Nollag 2021, glacadh an straitéis nua chun an sceimhlitheoireacht, sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chur faoi chois. Mhol an rialtas dlí an mhí sin freisin maidir le sonraí taifead ainmneacha na bpaisinéirí aeriompair a phróiseáil, ag a bhfuil sé d'aidhm cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc agus a bhrath. Déantar córas taifead ainmneacha na bpaisinéirí i Montainéagró a rialáil den chéad uair leis sin.

Lean Montainéagró de dhul i gcomhar le Europol, agus leanann an t- aonad frithsceimhlitheoireachta d'fhaisnéis a mhalartú leis na Ballstáit, le tíortha eile na mBalcán Thiar,

agus le tíortha eile nach Ballstáit den Aontas iad atá ina gcomhpháirtithe oibriúcháin de Europol trí chainéal cumarsáide an Fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA).

e) ***Deireadh éifeachtach a chur de réir a chéile leis an scéim saoránachta d'infheisteoirí a luaithe is féidir.***

Níor chuir Montainéagró deireadh lena scéim saoránachta d'infheisteoirí de réir a chéile fós d'ainneoin an cinneadh a fógraíodh roimhe chun deireadh a chur leis in 2021. Os a choinne sin, i mí na Nollag 2021, chinn rialtas Mhontainéagró síneadh a chur leis an scéim go dtí deireadh 2022.

In 2021, fuair Montainéagró 241 iarratas le haghaidh 807 nduine aonair. Ó mhí na Nollag 2021, eisíodh 264 pas de chuid Mhontainéagró ar an mbonn sin.

Is oth leis an gCoimisiún an cinneadh chun síneadh a chur leis an scéim saoránachta d'infheisteoirí agus leanann sé de bheith ag tathant ar Mhontainéagró deireadh a chur léi a luaithe is féidir. Is údar mór imní é sin don Aontas síneadh a chur leis an scéim i gcomhthéacs a chomhaontaithe taistil gan víosa le Montainéagró[19]. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an scéim a fhad a bheidh sí i mbun feidhme agus a leanfar d'iarratais a phróiseáil. Is gá an faireachán sin toisc go bhféadfaí scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a úsáid chun nós imeachta an Aontais maidir le víosaí gearrfhanachta a sheachaint mar aon leis an measúnú domhain ar rioscaí imirce aonair agus slándála a bhaineann leis an nós imeachta sin. Tá an Coimisiún den tuairim, más rud é go meastar gur riosca méadaithe iad scéimeanna den sórt sin do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát, go bhféadfar an córas taistil gan víosa a chur ar fionraí[20].

### 3. Moltaí le haghaidh Mhontainéagró

Tá gníomhaíocht déanta ag Montainéagró chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe, go háirithe maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus sa troid in aghaidh na héillitheachta agus na coireachta eagraithe. Mar sin féin, tá bearta déanta ag Montainéagró freisin atá contrártha do na moltaí maidir lena bheartas víosaí agus a scéim saoránachta d'infheisteoirí. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar feadh réimse uile na ngnóthaí baile, agus is gá aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas.

a) Beartas víosaí Mhontainéagró a ailíniú, mar ábhar tosaíochta, le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Deireadh a chur leis an scéim saoránachta d'infheisteoirí gan mhoill.

c) Na feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.

---

[19] Cuireadh na rioscaí sin i dtábhacht freisin sa Mholadh ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 maidir le céimeanna láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí (C(2022) 2028). Ina theannta sin, i rún an 9 Márta 2022, mhol Parlaimint na hEorpa gur cheart deireadh le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a áireamh i gcritéir bhallraíochta an Aontais (2021/2026(INL)).

[20] Féach, ina leith sin, Cinneadh (AE) 2022/366 ón gComhairle an 3 Márta 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú maidir le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach (IO L 69, 4.3.2022, lch. 105).

d) Leanúint den dul chun cinn agus den troid in aghaidh na coireachta eagraithe, na héillitheachta agus na sceimhlitheoireachta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) rannpháirtíocht Mhontainéagró in EMPACT a threisiú; (ii) tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo cuntas teiste láidir a thógáil maidir le cásanna éillitheachta agus coireachta eagraithe, mar aon le sócmhainní coiriúla de thoradh na gcionta sin a ghabháil, a choigistiú agus a aisghabháil; (iii) an inniúlacht a láidriú chun cásanna sciúrtha airgid a ionchúiseamh agus a bhreithniú agus dlí nua a ghlacadh um sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc; agus (iv) leanúint den dul chun cinn maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.

e) Na bearta is gá a dhéanamh chun an comhar leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) a athnuachan.

## IV. An Mhacadóin Thuaidh

### 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

### 1.1. Gníomhaíocht atá déanta i réimse na himirce, an tearmainn agus an chomhair maidir leis an athligean isteach

In 2021, lean an Mhacadóin Thuaidh de ghníomhaíocht a dhéanamh maidir leis an mbainistiú teorainneacha agus imirce agus tearmainn, lena n- áirítear feabhas a chur ar choinníollacha glactha le haghaidh iarrthóirí tearmainn.

Thuairiscigh na Ballstáit dea- chomhar maidir leis an mbainistiú teorainneacha, imirce agus tearmainn. Go háirithe, lean an Mhacadóin Thuaidh den chomhar déthaobhach leis na Ballstáit, lena n- áirítear an Chróit, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, agus an Pholainn. Tuairiscíonn na Ballstáit go bhfuil dea- chomhar ann leis an Macadóin Thuaidh freisin maidir le fillithe agus daoine a athligeadh isteach, mar a cuireadh in iúl ag an gComhchoiste um Athligean Isteach a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2022. Leanadh den chomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann faoin treochlár comhaontaithe chun an acmhainneacht a láidriú maidir leis an tearmann agus leis an nglacadh. Coinníodh an comhar le Frontex ar bun freisin.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Tuilleadh feabhais a chur ar chlárú na n- imirceach ar bhealach níos córasaí; feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann iarratais gan bhunús ar thearmann.***

Lean an Mhacadóin Thuaidh de bhearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce agus feabhas a chur ar chlárú na n- imirceach. Lean an Mhacadóin Thuaidh de chórais clárúcháin náisiúnta imirceach a fhorbairt agus d’fheabhas a chur ar shreabha imirceach measctha a shainaithint agus a chlárú. Tá Comhaontú an Aontais um Athligean Isteach á chur chun feidhme ar bhealach sásúil.

Táthar ag leanúint de rochtain ar an nós imeachta tearmainn a áirithiú. Mar sin féin, féadfaidh roinnt blianta a bheith i gceist leis an nós imeachta tearmainn ar fad, agus níl sé sin éifeachtúil agus

méadaítear an riosca maidir le gluaiseachtaí ar aghaidh leis. Is gá fós don Mhacadóin Thuaidh aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas, i measc rudaí eile: measúnuithe creidiúnachta, réasúnú dlíthiúil na gcinntí, agus measúnú aonair imthosca pearsanta na n- iarrthóirí, measúnú ceart a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha nuashonraithe faoin tír thionscnaimh, agus tosaíocht a thabhairt do chásanna lena bhfuil bunús follasach. Cé go ráthaítear leis an dlí é, níor cuireadh aon nós imeachta fabhrach chun feidhme le haghaidh daoine ag a bhfuil riachtanais speisialta. Níl cur chun feidhme an nós imeachta tearmainn i gcomhréir le *acquis* an Aontais fós. I mbardas Gazi Baba, táthar ag leanúint de dhaoine a ghabhtar in aistrithe neamhrialta a choinneáil go treallach sa lárionad glactha le haghaidh na n- eachtrannach, lena áirithiú go dtabharfaidh siad fianaise mar fhinnéithe i gcásanna cúirte in aghaidh smuigléirí. Mar sin féin, níl an cleachtas sin i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Níl aon seiceáil bhreithiúnach éifeachtach ann fós ar chleachtais choinneála, agus ní thairbhíonn imircigh atá faoi choinneáil de chomhairleoireacht ná de chúnamh dlíthiúil chun go mbeidh rochtain éifeachtach acu ar leigheasanna ceartais agus dlí.

***b) Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na Macadóine Thuaidh a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.***

Níl gníomhaíocht déanta ag an Macadóin Thuaidh in 2021 chun beartas víosaí na tíre a ailíniú a thuilleadh le beartas an Aontais. Náisiúnaigh ó roinnt tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa i gcás an Aontais, tá siad díolmhaithe ó cheanglas víosa i gcás na Macadóine Thuaidh, tíortha lena n-áirítear an Asarbaiseáin, an Bhotsuáin, Cúba, an tSalvadóir agus an Tuirc. Ba cheart aon imeacht eile ó liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas a sheachaint. Ba cheart don Mhacadóin Thuaidh a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn maidir lena beartas víosaí a ailíniú le liosta an Aontais, go háirithe maidir leis na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí neamhrialta nó slándála don Aontas. Beidh sé sin ina théama tábhachtach den idirphlé leanúnach idir an tAontas agus an Mhacadóin Thuaidh. I gcomhthéacs an tsásra fionraíochta víosaí agus i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán Víosaí, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar ghníomhaíocht na Macadóine Thuaidh i dtreo an ailínithe le beartas víosaí an Aontais.

### 1.2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

In 2021, tháinig méadú faoi cheathair beagnach ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit ag náisiúnaigh de chuid na Macadóine Thuaidh (méadú 293 %), agus taisceadh 5 345 iarratas in 2021 i gcomparáid le 1 360 in 2020. Tháinig laghdú beag ar an ráta aitheantais ó 1.8 % in 2020 go 1.2 % in 2021.

In 2021, tuairiscíodh 12 thrasnú teorann neamhrialta ag náisiúnaigh de chuid na Macadóine Thuaidh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, in aghaidh 18 in 2020. In 2021, d'fhan an líon náisiúnach de chuid na Macadóine Thuaidh ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta cuíosach cobhsaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus 6 305 fanacht neamhrialta ann in 2021 in aghaidh 6 270 in 2020 (méadú is lú ná 1 %). Tháinig méadú 20 % ar an líon diúltuithe cead isteach; 2 415 in 2020 le hais 2 905 in 2021.

Tugadh treocht laghdaitheach faoi deara anuraidh maidir leis na figiúirí seo a leanas: (i) cinntí um fhilleadh do náisiúnaigh de chuid na Macadóine Thuaidh (2 200 in 2021 in aghaidh 2 360 in 2020, laghdú 7 %); agus (ii) daoine a filleadh (1 040 in 2021 in aghaidh 1 510 in 2020, laghdú 31 %). Tuairiscíonn na Ballstáit, mar sin féin, dea- chomhar maidir le filleadh agus le athligean isteach.

## 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

Lean an Mhacadóin Thuaidh de ghníomhaíocht a dhéanamh sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe (lena n- áirítear an gháinneáil ar dhrugaí agus an gháinneáil ar dhaoine), na héillitheachta agus an sciúrtha airgid. Lean an tír den fhrithsceimhlitheoireacht agus den troid in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus de chosc an radacaithe freisin, agus de bhearta leantacha maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.

Tuairiscíonn na Ballstáit, Europol agus Eurojust dea- chomhar foriomlán leis an Macadóin Thuaidh i réimse na slándála. In 2021, lean an Mhacadóin Thuaidh den chomhar déthaobhach leis na Ballstáit, lena n- áirítear an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSeicia.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Feabhas a chur ar chuntas teiste na gciontuithe críochnaitheacha i gcásanna éillitheachta ardleibhéil, lena n- áirítear trí níos mó sócmhainní coiriúla a choigistiú.***

Lean an Mhacadóin Thuaidh d'athchóirithe a chur chun feidhme sa troid in aghaidh na héillitheachta, lena n- áirítear ag ardleibhéal. Ba cheart tuilleadh sócmhainní coiriúla a choigistiú in imeachtaí coiriúla: ní raibh ach ceithre chás de choigistiú maoine ann in 2021. Ba cheart do choigistiú sócmhainní coiriúla teacht chun bheith ina thosaíocht straitéiseach sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe, san fhrithsceimhlitheoireacht agus in aghaidh na héillitheachta ardleibhéil sa tír.

***b) Tuilleadh feabhais a chur ar chuntas teiste na n- imscrúduithe, na n- ionchúiseamh agus na gciontuithe sa choireacht eagraithe agus sa sciúradh airgid.***

Tá dul chun cinn déanta ag an Macadóin Thuaidh leis an gcuntas teiste dá cuid a chomhdhlúthú ó thaobh na n- imscrúduithe, na n- ionchúiseamh agus na gciontuithe sa choireacht eagraithe agus sa sciúradh airgid de. I gcás an sciúrtha airgid, in 2021, cuireadh díotálacha i gcomhad in aghaidh 9 nduine aonair, thángthas ar fhíoraisc chéadchéime le haghaidh 7 nduine aonair agus thángthas ar fhíoraisc dhara céime le haghaidh 2 dhuine aonair. I gcás na coireachta eagraithe, in 2021, seoladh 17 n- imscrúdú in aghaidh 119 nduine aonair. Tugadh díotálacha in aghaidh 55 dhuine aonair freisin. Reáchtáladh imscrúduithe airgeadais i dtrí chás. Ní bhaintear úsáid leordhóthanach as coigistiú sócmhainní coiriúla, (ní raibh ann ach 10 gcás lenar bhain cinneadh céadchéime chun sócmhainní a choigistiú, ar sócmhainní ar luach mionchúiseach iad a bhformhór, e.g. gluaisteáin, airgead agus fóin phóca).

Maidir leis an troid in aghaidh sciúradh airgid, ghlac an Mhacadóin Thuaidh le measúnú riosca náisiúnta nua i mí an Mheithimh 2021, mar aon le plean gníomhaíochta atá le cur chun feidhme faoi 2024. Cuireadh clár úinéirí tairbhiúla ar bun freisin, ach tá clár cuntas bainc cuimsitheach fós le bunú.

***c) Rannpháirtíocht in imscrúduithe agus in ionchúisimh chomhordaithe nó chomhpháirteacha a mhéadú mar aon le hionchúisimh le tíortha sa réigiún agus sna Ballstáit.***

Mhéadaigh an Mhacadóin Thuaidh a chomhar straitéiseach agus oibriúcháin le comhpháirtithe idirnáisiúnta trí pháirt a ghlacadh i gcomhthionscadail in éineacht le INTERPOL, Europol, SELEC, CEPOL, Frontex agus leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip. I gcás EMPACT, ghlac an tír páirt i níos mó oibríochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha (laethanta comhghníomhaíochta) agus i ngníomhaíochtaí eile chun malartú na faisnéise oibriúcháin a threisiú le INTERPOL, Europol, SELEC agus leis na Ballstáit.

Lean an tír de phlean náisiúnta a chomhlíonadh chun trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus a dteaghlaigh a athimeascadh, a athshóisialú agus a athshlánú. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn chun cur chuige aonair cuimsitheach a fhorbairt lena láimhseálfar an tsaincheist sin.

***d) Úsáid iomlán a bhaint as an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin le haghaidh na Troda in aghaidh na Coireachta Eagraithe.***

Tá an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin le haghaidh na Troda in aghaidh na Coireachta Eagraithe agus Tromchúisí i mbun feidhme, ach ní mór dó feabhas a chur ar a acmhainn oibríochtúil toisc nach bhfuil comhaltaí postaithe ag na húdaráis uile chuig an Lárionad, agus go bhfuil éifeachtúlacht an Lárionaid á teorannú i ngeall air sin. Rannchuidigh sé le sonraí a sholáthar agus le faisnéis a mhalartú idir na hinstitiúidí rannpháirteacha, rud lena dtacaítear lena n- iarrachtaí chun an choireacht eagraithe agus thromchúiseach a chomhrac.

**e)** ***Leanúint den dul chun cinn maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.***

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Macadóin Thuaidh maidir leis an socrú déthaobhach a chur chun feidhme faoin gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar, agus chomhaontaigh na páirtithe leis an socrú a thabhairt cothrom le dáta. Chuir an Mhacadóin Thuaidh an ceathrú tuarascáil eatramhach isteach i mí an Mhárta 2022. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun na gníomhaíochtaí atá fágtha agus a leagadh amach sa socrú a chur chun feidhme.

Ghlac an Coiste Náisiúnta um Antoisceachas Foréigneach agus an Sceimhlitheoireacht a Chomhrac páirt i dtionscadail agus i gceardlanna chun borradh a chur faoin gcomhar slándála réigiúnach agus faoin bhfothú acmhainneachta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a athimeascadh agus an radacú agus an t- antoisceachas foréigneach a chosc. Bhunaigh an Mhacadóin Thuaidh meitheal idir- ghníomhaireachta freisin agus chuir foireann gníomhaíochta náisiúnta frithsceimhlitheoireachta ar bun. D'éirigh leis an tír dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú go héifeachtach le Europol maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus chuir bearta chun feidhme maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus in aghaidh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

***f) An modúl nua maidir le hidirbhearta amhrasacha a chur chun feidhme go hiomlán, ar idirbhearta iad a thuairiscíonn an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais (FIU) agus cuntas teiste in úsáid an mhodúil ag na hoifigí ionchúisimh a bhunú.***

Chuir FIU an córas bainistithe cásanna TF chun feidhme. Cuireann na húdaráis inniúla (amhail an Aireacht Intíre, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Oifig Ioncaim Phoiblí, Oifig na Póilíneachta Airgeadais, agus an Riarachán Custaim) tuarascálacha faoi idirbhearta amhrasacha faoi bhráid FIU go leictreonach. Más rud é go nochtfar le próiseáil agus le hanailís na sonraí sin údair amhrais faoin sciúradh airgid, maoiniú na sceimhlitheoireachta nó coireanna eile, cuireann FIU tuarascáil nó fógra faoi bhráid na n- údarás inniúil.

I mí Eanáir 2021, chuir FIU córas leictreonach ar bun chun faireachán a dhéanamh ar thoradh na mbeart a rinne na húdaráis inniúla tar éis do FIU tuarascáil nó fógra a chur faoina mbráid. Ina theannta sin, chun pictiúr iomlán a fháil ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an chórais, d'iontráil FIU gach tuarascáil nó fógra a cuireadh faoi bhráid na n- údarás inniúil ó thús 2017 i gcóras faireacháin na gcásanna.

***g) Staonadh ó éadáil chórasach na saoránachta ar mhaithe le leas eacnamaíoch speisialta.***

Ceadaítear le Dlí na Macadóine Thuaidh maidir leis an tSaoránacht an tsaoránacht a fháil ar mhaithe le leas eacnamaíoch speisialta gan aon cheanglas cónaithe roimhe sin. Ó Dheireadh Fómhair 2021, bhí saoránacht faighte ag 115 dhuine aonair ar mhaithe le leas eacnamaíoch, ar mhéadú é sin i gcomparáid le 2020 (go dtí mí na Nollag 2020, bhí saoránacht faighte ag 103 dhuine aonair ar mhaithe le leas eacnamaíoch). I bhfianaise go gceadaítear le Dlí na Macadóine Thuaidh maidir leis an tSaoránacht an tsaoránacht a fháil ar mhaithe le leas eacnamaíoch speisialta gan aon cheanglas cónaithe roimhe sin, mar aon leis an líon iomlán iarratasóirí rathúla, tá faireachán grinn á dhéanamh ar na rioscaí imirce agus slándála a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin don Aontas. Tá na rioscaí sin curtha faoi bhráid na Macadóine Thuaidh ag an gCoimisiún. Tá deonú córasach na saoránachta mar thoradh ar an infheistíocht ina údar mór imní don Aontas agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an gcóras taistil gan víosa toisc go bhféadfaí é a úsáid chun an nós imeachta maidir le víosaí gearrfhanachta a sheachaint mar aon leis an measúnú domhain ar rioscaí imirce aonair agus slándála a bhaineann leis sin. Tá an Coimisiún den tuairim, más rud é go meastar gur riosca méadaithe é cur chun feidhme an dlí sin do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát, go bhféadfar an córas taistil gan víosa a chur ar fionraí[21].

### 3. Moltaí le haghaidh na Macadóine Thuaidh

Tá gníomhaíocht déanta ag an Macadóin Thuaidh chun aghaidh a thabhairt ar fhormhór na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí maidir leis an mbainistiú imirce, an frithsciúradh airgid, an fhrithsceimhlitheoireacht, an troid in aghaidh na héillitheachta agus na coireachta eagraithe, agus fáil na saoránachta ar mhaithe le leas eacnamaíoch speisialta. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas a thuilleadh.

a) Beartas víosaí na Macadóine Thuaidh a ailíniú, mar ábhar tosaíochta, le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.

c) Staonadh ó éadáil chórasach na saoránachta ar mhaithe le leas eacnamaíoch speisialta.

d) Straitéisí a ghlacadh atá tugtha cothrom le dáta maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an t- antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac agus leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Comhpháirteach um Fhrithsceimhlitheoireacht le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.

e) Leanúint d'iarrachtaí chun an éillitheacht agus an choireacht eagraithe a chosc agus a throid tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) feabhas a chur ar chuntas teiste na gciontuithe críochnaitheacha i gcásanna éillitheachta ardleibhéil, lena n- áirítear trí shócmhainní coiriúla a choigistiú; (ii) feabhas a chur ar chuntas teiste na n- imscrúduithe, na n- ionchúiseamh agus na gciontuithe sa choireacht eagraithe agus sa sciúradh airgid; (iii) páirt a ghlacadh i níos mó imscrúduithe agus ionchúisimh chomhordaithe nó chomhpháirteacha le tíortha sa réigiún agus

[21] Féach, ina leith sin, Cinneadh (AE) 2022/366 ón gComhairle an 3 Márta 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú maidir le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach (IO L 69, 4.3.2022, lch. 105).

sna Ballstáit; agus (iv) úsáid iomlán a bhaint as an Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin le haghaidh na Troda in aghaidh na Coireachta Eagraithe agus Tromchúisí.

## V. An tSeirbia

### 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

#### 1.1 Gníomhaíocht atá déanta i réimse na himirce, an tearmainn agus an chomhair maidir leis an athligean isteach

In 2021, lean an tSeirbia de bheart a dhéanamh maidir leis an mbainistiú teorainneacha agus imirce agus tearmainn. Thuairiscigh na Ballstáit go bhfuil dea- chomhar ann leis an tSeirbia i gcoitinne maidir leis an mbainistiú imirce agus teorainneacha, mar aon le filleadh agus le hathligean isteach. Tá an creat dlíthiúil le haghaidh bainistiú teorainneacha comhchuibhithe a bheag nó a mhór le *acquis* an Aontais. Lean an tSeirbia den straitéis um bainistiú comhtháite teorainneacha a chur chun feidhme go héifeachtach mar aon lena plean gníomhaíochta, agus an tír faoi bhrú tromchúiseach ón imirce fós mar aon le tíortha eile na mBalcán Thiar. Lean an tSeirbia den treochlár a chur chun feidhme chun an tearmann agus an glacadh a láidriú mar a comhaontaíodh le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann.

Bhí comhar tráthrialta ann le Europol ag an iomaí leibhéal chun an smuigleáil imirceach a throid. Ghlac an tSeirbia páirt i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta chun an imirce neamhrialta agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac. Tá straitéis á cur chun feidhme ag an tír freisin chun an gháinneáil ar dhaoine a chosc agus chun deireadh a chur léi le haghaidh 2017-2022, straitéis lena ndírítear ar mhná agus ar leanaí a chosaint. Lean údaráis na Seirbia dá n- inniúlachtaí a láidriú chun lóistín agus cúram a chur ar fáil d'imircigh i gcomhthéacs sonrach phaindéim COVID- 19.

Chuaigh an Comhaontú Stádais idir Frontex agus an tSeirbia[22] i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021. Tá Oifigeach Idirchaidrimh Frontex ar stáisiún i mBéalgrád (agus sainordú réigiúnach aige lena gcumhdaítear an tSeirbia, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, agus Montainéagró). Seoladh oibríocht chomhpháirteach Frontex agus na Seirbia an 16 Meitheamh 2021 ag a bhfuil sé d'aidhm an imirce neamhrialta a rialú, dul i ngleic leis an gcoireacht thrasteorann agus an comhar i bhforfheidhmiú an dlí a láidriú. Tá oibríocht chomhpháirteach 2022 fós ar siúl.

Léirigh Ballstát amháin saincheist shuntasach maidir leis an athligean isteach i ngeall ar dhifríocht maidir le comhaontú déthaobhach a léirmhíniú; tá an chaibidlíocht chun é sin a réiteach fós ar siúl. Chuir Ballstát eile teachtaireacht in iúl maidir leis an gcomhar chun úsáid na ndoiciméad taistil bréagach/brionnaithe a throid. Thairis sin, thuairiscigh Ballstát amháin eile gur tarraingíodh trí líonra inimirce neamhdhleathacha de chuid na Seirbia ó chéile.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Glacadh le plean gníomhaíochta Schengen agus áirithiú go mbeidh baint leordhóthanach ag gach institiúid rialtais ábhartha leis.***

[22] Comhaontú Stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia.

Tosaíodh ar an tionscadal nasctha 'Forbairt phlean gníomhaíochta Schengen' (IPA 2014) a chur chun feidhme i mí Dheireadh Fómhair 2018; Ba iad an Ungáir agus an Liotuáin comhpháirtithe seachtracha Aireacht Intíre na Seirbia. Leis an tionscadal, rinneadh meastóireacht ar chreat dlíthiúil na Seirbia agus ar chomhlíontacht na Seirbia le *acquis* Schengen, agus rannchuidíodh leis an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le *acquis* Schengen. Ba é doiciméad toradh an tionscadail is féidir a úsáid chun an dréachtphlean gníomhaíochta a thabhairt i gcrích maidir le teacht isteach i limistéar Schengen. Tháinig an tionscadal chun deiridh i mí na Nollag 2021.

***b) Straitéis agus plean gníomhaíochta nua um bainistiú comhtháite teorainneacha (IBM) a fhorbairt agus a ghlacadh i gcomhréir le coincheapa nua IBM.***

An 19 Lúnasa 2021, cuireadh meitheal speisialta ar bun agus tá sé de chúram uirthi straitéis um bainistiú comhtháite teorainneacha 2022-2027 i bPoblacht na Seirbia a dhréachtú. Tá glacadh na straitéise agus an phlean gníomhaíochta ar siúl.

***c) Feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.***

In 2021, maoiníodh 34 chlár chun feasacht dídeanaithe, daoine atá easáitithe ina dtír féin agus fillithe faoin gcóras taistil gan víosa a ardú, mar aon lena lánpháirtiú sóisialta agus le sásraí atá ar fáil chun a gcearta a fheidhmiú. Mhaoinigh an rialtas údaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfillithe. Tá an straitéis um athimeascadh fillithe agus an straitéis um chuimsiú sóisialta na bhfear agus na mban Romach i bPoblacht na Seirbia le haghaidh 2016-2025 á gcur chun feidhme ag an Aireacht Intíre.

***d) Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na Seirbia a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.***

Níl beartas víosaí na Seirbia ailínithe go hiomlán le liosta na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir víosa le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta san Aontas. Náisiúnaigh na dtíortha seo a leanas, atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, tá siad díolmhaithe ó víosa i gcás na Seirbia: An Airméin, an Asarbaiseáin, Bairéin, an Bhealarúis, an Bholaiv, an Bhurúin, an Chasacstáin, Catar, an Chirgeastáin, Cuáit, Cúba, Guine Bissau, Iamáice, an India, an Indinéis, an Mhongóil, Óman, an Rúis, an tSín, Suranam, agus an Tuirc.

Mar gheall ar an easpa ailínithe le beartas víosaí an Aontais, spreagadh sreafaí neamhrialta ar bhealach na mBalcán Thiar atá fós ag dul i méid, rud a léiríonn tionchar diúltach ar chur chun feidhme chóras na Seirbia maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha, agus ba cheart aghaidh a thabhairt air mar ábhar tosaíochta. Léiríonn fianaise ó na chéad mhíonna de 2022 go háirithe go raibh náisiúnaigh de chuid na Burúine, na hIndia, Chúba, na Túinéise agus na Tuirce ag aistriú ón tSeirbia chun leanúint de thurais neamhrialta i dtreo na mBallstát ar feadh bhealach imirce na mBalcán Thiar. Is féidir tionchar suntasach a bheith ag beartas víosaí tríú tíortha ar ghluaiseachtaí imirce neamhrialta i dtreo an Aontais. Rannchuidíonn ailíniú an bheartais víosaí leis an Aontas le dea- fheidhmiú chóras taistil gan víosa na gcomhpháirtithe sin leis an Aontas dá bhrí sin. An 20 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tSeirbia an Coimisiún ar an eolas gur ghlac sí cinneadh lenar bunaíodh ceanglas víosa le

haghaidh náisiúnaigh de chuid na Burúine[23] agus na Túinéise[24], i gcomhréir le gealltanais na Seirbia ar an leibhéal polaitiúil is airde don Choimisiún. Gheall an tSeirbia tuilleadh ailínithe a dhéanamh leis an liosta de na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir ceanglais maidir le víosa le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta san Aontas, go háirithe trí cheanglas maidir le víosa a bhunú le haghaidh náisiúnaigh de chuid na hIndia faoi dheireadh 2022. Tá coinne ag an gCoimisiún le tuilleadh ailínithe ó thaobh víosaí de i gcomhréir leis na gealltanais sin agus tá súil aige le tuilleadh mionsonraí ón tSeirbia maidir leis na bearta a bheidh le déanamh agus lena gcur chun feidhme éifeachtach. I gcomhthéacs an tsásra fionraíochta víosaí agus i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán Víosaí, déanfaidh an Coimisiún faireachán agus measúnú go leanúnach ar ghníomhaíocht na Seirbia i dtreo an ailínithe le beartas víosaí an Aontais.

### 1.2 Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

In 2021, chuir náisiúnaigh de chuid na Seirbia 3 390 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach sna Ballstáit, méadú 22 % i gcomparáid le 2020 (2 780). Tháinig méadú ar an ráta aitheantais ó 4 % in 2020 go 6 % in 2021.

Tháinig ardú 28 % ar thrasnuithe neamhrialta theorainneacha seachtracha an Aontais ag náisiúnaigh de chuid na Seirbia; 21 in 2020 le hais 37 in 2021. Tháinig titim 12 % ar an líon náisiúnach de chuid na Seirbia ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit, agus 14 430 duine aonair i gceist in 2021 i gcomparáid le 16 355 in 2020. Mar sin féin, in 2021, tar éis an laghdaithe sheasmhaigh a cláraíodh ó 2018 i leith, tháinig ardú 15 % (8 265 in 2021 in aghaidh 7 210 in 2020) ar an líon náisiúnach de chuid na Seirbia ar diúltaíodh cead isteach.

Maidir leis an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Seirbia (5 650 in 2021 in aghaidh 6 265 in 2020), agus an líon daoine a filleadh (3 020 in 2021 in aghaidh 3 540 in 2020), tháinig laghdú 10 % agus 15 % faoi seach orthu in 2021 i gcomparáid le 2020. Tuairiscíonn Frontex dea- thaithí fhoriomlán i ngníomhaíochtaí a bhaineann le filleadh a dhéantar sa tSeirbia.

## 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

Lean an tSeirbia dá gníomhaíocht sa troid in aghaidh na coireachta eagraithe (lena n- áirítear an gháinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine), san fhrithsceimhlitheoireacht, i gcosc na héillitheachta, agus maidir leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla a láidriú. Tuairiscíonn na Ballstáit dea- chomhar foriomlán leis an tSeirbia i réimse na slándála. Lean an tSeirbia den chomhar le Europol agus le Eurojust agus chuaigh i mbun gníomhaíochtaí comhpháirteacha le roinnt Ballstát. Tá an cainéal cumarsáide slán de chuid SIENA i mbun feidhme agus úsáidtear go tráthrialta é. Tá an comhar idir an tSeirbia agus CEPOL dea- bhunaithe.

Is é ab aidhm don chéad chéim d’athchóiriú bunreachtúil neamhspleáchas na mbreithiúna a láidriú, agus d’éirigh leis an gcéim sin a chur i gcrích i mí Feabhra 2021 le cur chun cinn na leasuithe bunreachtúla sa Pharlaimint. An reachtaíocht chur chun feidhme, a bhfuil sé beartaithe glacadh léi faoi mhí Feabhra 2023, beidh sí tábhachtach chun na ráthaíochtaí a láidriú in aghaidh tionchar polaitiúil féideartha ar na breithiúna.

---

[23] Tháinig an cinneadh i bhfeidhm an 22 Deireadh Fómhair 2022.

[24] Tháinig an cinneadh i bhfeidhm an 20 Samhain 2022.

In 2021, threisigh an tSeirbia oibríochtaí in aghaidh na coireachta eagraithe tar éis laghdaithe ar ghníomhaíochtaí in 2020 de thoradh phaindéim COVID- 19. Díríodh iarracht ar leith ar an smuigleáil drugaí a throid mar aon le monaraíocht agus trádáil aindleathach na n- arm. Is iomaí gníomhaíocht oibriúcháin a rinneadh i gcomhar le Europol; Ghlac póilíní na Seirbia páirt san iomaí tionscadal anailíseach de chuid EMPACT freisin. Thuairiscigh an tSeirbia dlúthchomhar ar leith le haon Bhallstát amháin chun feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta maidir le sócmhainní coiriúla a choigistiú. Sa dara leath de 2021, cuireadh tús le hobair thosaigh chun an Cód Coiriúil a leasú, lenar díríodh ar an gcoireacht eagraithe, go háirithe ar mhonarú agus ar smuigleáil neamhdhleathach na n- arm a chosc.

Mar sin féin, tá roinnt dúshlán suntasach ann fós. Tá líonraí coiriúla de thionscnamh na Seirbia nó ag a bhfuil naisc leis an tSeirbia, fós gníomhach san Aontas. Is ilghnéitheach na gníomhaíochtaí coiriúla dá gcuid agus áirítear leo an choireacht mhaoine eagraithe (buirgléireachtaí, an choireacht mhótarfheithicle, robálacha), an smuigleáil imirceach, an choireacht chibirspleách, an chalaois íocaíochta neamhairgid, táirgeadh agus gáinneáil aindleathach an tobac, agus an gháinneáil ar dhrugaí (go háirithe an gháinneáil ar chócaon agus hearóin)[25]. Is tír mhór idirthurais í an tSeirbia maidir leis an smuigleáil imirceach ar feadh bhealach na mBalcán Thiar, mar sin bíonn páirt ghníomhach ag smuigléirí de chuid na Seirbia san iompar imirceach neamhrialta trasna an réigiúin. I roinnt Ballstát, déanann líonraí gáinneála de chuid na Seirbia dúshaothrú ar íospartaigh, lena n- áirítear mionaoisigh, go háirithe sa dúshaothrú saothair agus sa choiriúlacht éagantais. San fhrithsceimhlitheoireacht, is é filleadh na dtrodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta an tsaincheist slándála is mó dá cuid dar leis an tSeirbia.

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

a) ***Feabhas a chur ar chuntas teiste na n- imscrúduithe, na ndíotálacha agus na gciontuithe críochnaitheacha i gcásanna éillitheachta ardleibhéil, lena n- áirítear trí shócmhainní coiriúla a ghabháil agus a choigistiú.***

Tá athruithe déanta ag an tSeirbia chun feabhas a chur ar thomhas chuntas teiste na n- imscrúduithe, na ndíotálacha agus na gciontuithe críochnaitheacha i gcásanna éillitheachta ardleibhéil dá cuid, lena n- áirítear trí shócmhainní coiriúla a ghabháil agus a choigistiú.

I gcásanna éillitheachta ardleibhéil, bhí méadú beag ann ar líon na ndíotálacha agus na gciontuithe críochnaitheacha in 2021 i gcomparáid le 2020.

Bunaithe ar dhíotálacha ó Oifig an Ionchúisitheora le haghaidh na Coireachta Eagraithe, thug na cúirteanna breithiúnais chéadchéime in aghaidh 10 nduine aonair in 2021 (i gcomparáid le 22 in 2020). Bhí ciontuithe críochnaitheacha in aghaidh 19 nduine aonair (i gcomparáid le 11 in 2020). D'ordaigh Oifig an Ionchúisitheora le haghaidh na Coireachta Eagraithe imscrúduithe in aghaidh 22 dhuine agus d'eisigh 22 dhíotáil (i gcomparáid le 19 in 2020). Mar ab amhlaidh in 2020, ní raibh aon chás ann ina raibh coigistiú críochnaitheach sócmhainní (i gcomparáid le 3 chás in 2019). Ní mór fós don tSeirbia cuntas teiste láidir a thógáil maidir le sócmhainní a choigistiú i gcásanna éillitheachta.

In 2021, fuair na ranna speisialta chun an éillitheacht a chomhrac sna hoifigí ionchúisimh níos airde 3 035 gearán coiriúil (i gcomparáid le 2 936 in 2020). D'ordaigh siad 270 imscrúdú agus thionscain

[25] Rannchur na mBallstát do Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe 2021.

imscrúduithe airgeadais comhthreomhara in aghaidh 67 nduine aonair (i gcomparáid le 23 in 2020). Eisíodh 540 díotáil san iomlán (470 in 2020). Thug na cúirteanna breithiúnais in aghaidh 271 duine aonair ag céadchéim bunaithe ar dhíotálacha ó na ranna sin (230 in 2020). Bhí ciontuithe críochnaitheacha ann in aghaidh 255 dhuine aonair (i gcomparáid le 195 in 2020).

In 2021, d'eisigh ionchúisimh dlínse ginearálta (nach ranna speisialaithe iad) 29 ordú chun cionta éillithe agus cionta coireachta eacnamaíche a imscrúdú (22 in 2020) agus comhdaíodh níos lú díotálacha ná mar a bhí in 2020 mar gheall ar an aistriú cásanna chuig na ranna speisialaithe de réir a chéile (63 díotáil in 2021 in aghaidh 136 in 2020). Chiontaigh na cúirteanna 132 duine aonair ag an gcéad chéim agus 80 duine aonair ag an gcéim dheiridh. Níor tharla coigistiú sócmhainní críochnaitheach ach in aon chás amháin (in aghaidh 3 chás in 2020).

***b) Glacadh le straitéis nua frithéillitheachta a bhfuil plean gníomhaíochta inchreidte réalaíoch mar bhonn taca faoi mar aon le sásra comhordúcháin éifeachtach.***

I bhfianaise go bhfuil an straitéis náisiúnta frithéillitheachta le haghaidh 2013-2018 dulta in éag, ní mór don tSeirbia straitéis nua frithéillitheachta a ghlacadh agus tús a chur léi, ar straitéis í a bhfuil plean gníomhaíochta réalaíoch mar bhonn taca fúithi mar aon le sásra comhordúcháin éifeachtach. Mar sin féin, tá forbairt na straitéise nua agus an phlean gníomhaíochta sin fós ar siúl.

Le haghaidh earnálacha atá iontach leochaileach ó thaobh na héillitheachta de, ghlac an tSeirbia leis an bplean oibriúcháin chun an éillitheacht a chosc i réimsí lena mbaineann riosca speisialta i mí Mheán Fómhair 2021.

Ar deireadh, ghlac an Aireacht Oideachais plean oibriúcháin sonrach chun an éillitheacht san oideachas a throid i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus ghlac an Aireacht Sláinte plean in aghaidh na héillitheachta san earnáil sláinte i mí na Nollag 2021. Tá an dá phlean le cur chun feidhme in 2022.

***c) Leanúint den dul chun cinn maidir leis an gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.***

Faoi Chuspóir 1 den Chomhphlean, i mí na Nollag 2021, cheap an rialtas an tAire Intíre mar an Comhordaitheoir Náisiúnta chun an Sceimhlitheoireacht a Chosc agus a Chomhrac. Tá Comhlacht Comhordúcháin Náisiúnta ann, a bhfuil sé curtha de chúram air cosc agus comhrac na sceimhlitheoireachta a chomhordú.

Faoi Chuspóir 2, lean an rialtas den phlean gníomhaíochta a dhéanamh chun trodaithe sceimhlitheoireachta a bhfuil saoránacht na Seirbia acu a shainaithint agus iad ag filleadh ar thrasnú theorainn an Stáit dóibh.

***d) Iarrachtaí a mhéadú chun gach cineál radacaithe a chosc ar radacú é as a n- eascraíonn an t- antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht, lena n- áirítear antoisceachas foréigneach na heite deise.***

Leanann an tSeirbia d'iarrachtaí sa réimse sin. In 2021, baineadh dianúsáid as ardán SIENA. Idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2021, dhírigh an tSeirbia, in éineacht le Europol, ar ábhar antoisceach ar líne. Léirigh an tSeicia comhar leis an tSeirbia chun an bhréagnuacht a throid chun inniúlachtaí iriseoirí agus lucht faireacháin toghchán a láidriú, ar iriseoirí agus lucht faireacháin iad a thugann aghaidh ar an mbréagaisnéis agus ar an mbolscaireacht.

**3. Moltaí le haghaidh na Seirbia**

Tá gníomhaíocht déanta ag an tSeirbia chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí maidir leis an mbeartas víosaí, bainistiú teorainneacha, an troid in aghaidh na héillitheachta agus na coireachta eagraithe, agus gach cineál antoisceachais fhoréignigh a chomhrac. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas a thuilleadh.

a) Straitéis agus plean gníomhaíochta nua um bainistiú comhtháite teorainneacha (IBM) a ghlacadh i gcomhréir le coincheapa nua IBM.

b) Obair leantach a dhéanamh i ndáil leis na gealltanais ar an leibhéal polaitiúil is airde agus beartas víosaí na Seirbia a ailíniú, mar ábhar tosaíochta, le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

c) Glacadh straitéis nua frithéillitheachta agus le plean gníomhaíochta inchreidte réalaíoch dá éis sin.

d) Feabhas a chur ar an gcuntas teiste maidir leis an gcoireacht eagraithe a throid, lena n- áirítear an gháinneáil ar dhrugaí, an sciúradh airgid, coigistiú sócmhainní coiriúla agus dúshaothrú a dhéantar ar imircigh sna Ballstáit.

e) Leanúint den socrú déthaobhach a chur chun feidhme faoin gComhphlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta le haghaidh na mBalcán Thiar, go hairithe maidir le maoiniú na frithsceimhlitheoireachta (Cuspóir 4) agus le cosaint na mbonneagar criticiúil (Cuspóir 5); glacadh leis an straitéis agus leis an bplean gníomhaíochta nua um fhrithsceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach a chosc, lena gcumhdaítear gach cineál radacaithe agus antoisceachas foréigneach (gan beann ar na bunchúiseanna polaitiúla, reiligiúnacha ná eitnea- náisiúnacha) i gcomhréir le beartais an Aontais.

## VI. An tSeoirsia

### 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

#### 1.1. Gníomhaíocht atá déanta chun comhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna um léirscaoileadh víosaí a áirithiú

Dheimhnigh na Ballstáit dea- chomhar maidir le filleadh agus le hathligean isteach le húdaráis na Seoirsia. Cruthaíodh go raibh an Córas Bainistithe Cásanna um Athligean Isteach iontach úsáideach le linn na paindéime. Leanadh d'iarrachtaí chun athimeascadh gairmiúil agus sóisialta na bhfillithe a éascú trí chlár an stáit um athimeascadh.

Síníodh socrú oibre athbhreithnithe idir Frontex agus an tSeoirsia an 11 Feabhra 2021[26]. Trí ardchomhar le Frontex, glacann an tSeoirsia páirt in oibríochtaí comhpháirteacha agus le hoibríochtaí um fhillithe a bhailiú. Tá tuilleadh oifigeach de chuid Frontex imlonnaithe chuig aerfoirt idirnáisiúnta na Seoirsia, agus imlonnaíodh póilíní chuig aerfoirt sna Ballstáit sin lena mbaineann.

[26] https://frontex.europa.eu/media-centre/news/news-release/frontex-renews-working-arrangement-with-georgia-e02I2v#:~:text=Under%20the%20revised%20arrangement%2C%20Frontex,of%20border%20management%20and%20return.

Tá an straitéis imirce nua á cur i bhfeidhm ag an tSeoirsia le haghaidh 2021-2030 mar aon leis an bplean gníomhaíochta gaolmhar le haghaidh 2022. In 2021, tháinig an tír chun bheith ina breathnóir i nGréasán Imirce na hEorpa. I mí Lúnasa 2021, glacadh plean gníomhaíochta nua chun cásanna daoine gan stát a laghdú.

Chuaigh an straitéis ba dhéanaí um bainistiú comhtháite teorainneacha agus an plean gníomhaíochta faoi seach in éag in 2018. Níor formheasadh an straitéis ná an plean nua fós: is i bhfómhar 2022 atá an dáta nua lena bhfuil coinne lena bhformheasadh. Leanadh d'iarrachtaí chun sábháilteacht agus slándáil na dteorainneacha a láidriú le bonneagar nua agus le trealamh breise, agus treisíodh inniúlachtaí talún, aeir agus mara.

Téann an tSeoirsia i gcomhar, ar bhonn oibriúcháin agus anailíse, le Europol, lena n- áirítear maidir leis an smuigleáil imirceach, go tráthrialta. Chun díriú ar líonraí coiriúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin, téann an tír i gcomhar go déthaobhach leis na Ballstáit, lena n- áirítear trí líonra fairsing ataiséanna póilíneachta.

Thuairiscigh an tSeoirsia go raibh sí ag malartú faisnéise le INTERPOL maidir le pasanna caillte agus goidte. Beidh pasanna neamh- bhithmhéadracha céimnithe amach go hiomlán faoin 31 Nollaig 2024 nuair a rachaidh gach doiciméad neamh- bhithmhéadrach in éag. Faoin 1 Eanáir 2022, ba é 12 371 an líon pasanna neamh- bhithmhéadracha iomlán bailí a bhí fágtha.

Thuairiscigh aon Bhallstát amháin comhar leis an tSeoirsia maidir leis an gcalaois doiciméad a throid. Síníodh comhaontú déthaobhach le Ballstát eile chun an imirce neamhdhleathach a throid.

### 1.2. Gníomhaíocht atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí* maidir leis an imirce

***a) Leanúint d'aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar shaincheist na n- iarratas ar thearmann gan bhunús sna Ballstáit; feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.***

Rinne an tSeoirsia iarracht shuntasach chun aghaidh a thabhairt ar iarratais ar thearmann gan bhunús sna Ballstáit. Ón 1 Eanáir 2021, cuireadh cosc ar 2 202 saoránach imeacht as an tír bunaithe ar reachtaíocht lena gceadaítear do na húdaráis imeachtaí chuig na Ballstáit a chosc más rud é nach gcomhlíontar coinníollacha bunúsacha (cóir mhaireachtála, etc.). Is féidir daoine a chuidíonn le saoránaigh de chuid na Seoirsia a fhanann ar an gcoigríoch go neamhdhleathach a ionchúiseamh cé go n- aithníonn údaráis nach bhfuil na nósanna imeachta sin éasca le cur chun feidhme.

Rinne an tSeoirsia feachtais faisnéise/ardaithe feasachta spriocdhírithe freisin maidir le coinníollacha taistil agus cónaithe san Aontas.

***b) Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na Seoirsia a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.***

Níl reachtaíocht víosaí na Seoirsia ailínithe fós le liosta de na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir ceanglais maidir le víosa le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta san Aontas. Náisiúnaigh na dtíortha seo a leanas atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, tá siad díolmhaithe ó víosa i gcás na Seoirsia: An Afraic Theas, an Araib Shádach, an Chasacstáin, an

Chirgeastáin, an Iordáin, an Iaráin, an Liobáin, an Rúis, an Táidsíceastáin, an tSalvadóir, an Téalainn, an Tuirc, an Tuircméanastáin agus an Úisbéiceastáin, Cuáit, Catar, Eacuadór agus Óman. Ní dhearna an tSeoirsia aon dul chun cinn ar an bpointe sin in 2021.

### 1.3. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

In 2021, tháinig méadú 69 % idir ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit i gcomparáid le 2020, agus taisceadh 14 600 iarratas in 2021 agus 8 650 in 2020. Tháinig laghdú beag ar an ráta aitheantais ó 4.3 % in 2020 go 4.9 % in 2021.

In 2021, bhí 30 cás ann inar thrasnaigh Seoirsigh teorainneacha na mBallstát go neamhrialta, comhionann leis an líon in 2020. In 2021, tháinig méadú 28 % ar an líon náisiúnach de chuid na Seoirsia ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit, agus 13 000 duine i gceist in 2021 in aghaidh 10 165 in 2020. Agus an treocht mhéadaitheach chéanna á leanúint, tháinig méadú 50 % ar an líon diúltuithe cead isteach a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Seoirsia; 2 065 in 2020 le hais 3 105 in 2021.

In 2021, maidir leis an líon cinntí um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Seoirsia, tháinig titim 13 % air (10 595 in 2021 i gcomparáid le 12 120 in 2020), mar a tharla ar an líon daoine a filleadh (5 495 in 2021 i gcomparáid le 6 330 in 2020). Mar sin féin, tuairiscíonn Frontex cur chun feidhme sásúil Chomhaontú an Aontais um Athligean Isteach in 2021. Tuairiscíonn go leor Ballstát dea- chomhar leis an tSeoirsia, go háirithe maidir le húsáid na n- eitiltí fillte.

## 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

### 2.1. Gníomhaíocht atá déanta chun comhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna a áirithiú

Tuairiscíonn na Ballstáit dea- chomhar foriomlán leis an tSeoirsia i réimse na slándála. Lean an tSeoirsia den chomhar le Europol agus le Eurojust agus chuaigh i mbun gníomhaíochtaí comhpháirteacha le roinnt Ballstát. Chuaigh an tír i gcomhar go tráthrialta le hoifigí um aisghabháil sócmhainní de chuid an Aontais, agus iarrataí á bhforghníomhú in am.

Lean an tSeoirsia den éillitheacht a chomhrac: in 2021, ionchúisíodh 197 nduine aonair, agus ciontaíodh 117, lena n- áirítear 7 n- oifigeach ardchéime. Rinneadh iarracht nár bheag chun oiliúint a chur ar ionchúisitheoirí agus ar imscrúdaitheoirí airgeadais speisialaithe, lenar díríodh ar theicnící rianaithe sócmhainní agus ar nósanna imeachta um chalcadh agus choigistiú. An 16 Márta 2021, aistríodh an fhreagracht as an bhfrithéillitheacht a chomhordú ón Aireacht Cheartais chuig an rialtas, agus an Príomh- Aire ag teacht chun bheith ina mhaoirseoir díreach le haghaidh an bheartais ar fad. I mí Aibreáin 2021, d’fhoilsigh an Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta de chuid Chomhairle na hEorpa (GRECO) tuarascáil lenar deimhníodh gur chuir an tSeoirsia formhór a mholtaí a eisíodh in 2017 maidir leis an éillitheacht a chomhrac chun feidhme.

Lean an tSeoirsia den choireacht eagraithe a throid mar chuid de straitéis náisiúnta um an choireacht eagraithe a chomhrac 2021-2024 agus mar chuid de phlean gníomhaíochta comhfhreagrach 2021-2022. Rinneadh iarrachtaí go háirithe chun an chibearchoireacht, an gháinneáil ar dhrugaí agus scéimeanna sciúrtha airgid, a úsáidtear sa choireacht eagraithe, a throid; bhí an comhar idirnáisiúnta san áireamh sna gníomhaíochtaí sin go minic. An straitéis náisiúnta um úsáid dhíobhálach drugaí a bhí ann roimhe, thug an tSeoirsia cur i bhfeidhm na straitéise sin i gcrích mar aon le plean gníomhaíochta 2021-2022 a ghabh léi. Tá sé beartaithe straitéis nua 2022-2026 agus plean

gníomhaíochta 2022-2023 a ghlacadh in 2022. Tá straitéis náisiúnta 2021-2026 um chosc na mí- úsáide drugaí á cur chun feidhme faoi láthair. Glacadh leis an straitéis póilíneachta, a bhí bunaithe ar fhaisnéis le haghaidh 2021-2025, an 11 Iúil 2021. Leanadh den fhothú acmhainneachta in 2021 chun oiliúint a chur ar speisialtóirí breise sa troid in aghaidh sciúradh airgid.

Glacann an tSeoirsia páirt ghníomhach sa tionscadal *An choireacht eagraithe a throid i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir* arna chur chun feidhme ag Europol. Lean an comhar le CEPOL de bheith dian, go háirithe maidir leis an gclár malartaithe a mhéadú: thairbhigh go leor oifigeach slándála agus póilíní de chuid na Seoirsia d'intéirneachtaí in institiúidí ábhartha de chuid na mBallstát.

Tá straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta frithsceimhlitheoireachta á gcur chun feidhme ag an tSeoirsia. Tá baint ag an tír in iarrachtaí idirnáisiúnta in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus is comhalta gníomhach í den an Chomhghuaillíocht Dhomhanda in aghaidh SIIL. Tá creat dlíthiúil cuimsitheach i bhfeidhm ag an tSeoirsia chun coiriúlú a dhéanamh ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

Leanann líonraí coireachta eagraithe ón tSeoirsia ar aghaidh, mar sin féin, de bheith ar na líonraí is gníomhaí i gcoireanna maoine eagraithe ar fud an Aontais, lena n- áirítear buirgléireachtaí, gadaíocht feithiclí agus páirteanna feithiclí, agus bradaíocht siopa eagraithe. Leanann líonraí coiriúla ón tSeoirsia dá mbaint sa smuigleáil imirceach neamhrialta ón Tuirc chuig an Aontas freisin.

An 30 Nollaig 2021, ghlac an Pharlaimint pacáiste reachtach trí nós imeachta faoi dheifir lenar tarraingíodh an tSeirbhís Chigireachta Stáit dá céile, seirbhís a thairbhigh de thacaíocht ón Aontas. Briseadh an Cigire Stáit as a phost gan an nós imeachta caighdeánach a leanúint. Tarraingíodh údair imní anuas faoi neamhspleáchas údarás um chosaint sonraí na Seoirsia a choinneáil ar bun, ar neamhspleáchas é atá ina thagarmharc faoin léirscaoileadh víosaí. Bunaíodh dhá institiúid ar leithligh in áit na Seirbhíse Cigireachta Stáit agus phost an Chigire Stáit: an tSeirbhís Imscrúdúcháin Speisialta agus an tSeirbhís um Chosaint Sonraí Pearsanta.

### 2.2. Gníomhaíocht atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sa Cheathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí

***a) Feabhas a chur ar éifeachtúlacht na n- institiúidí frithéillitheachta agus na ngníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí chun gur fearr a thabharfaidh siad aghaidh ar chásanna ardéillitheachta; áirithiú go ndéanfar gach cás den sórt sin a imscrúdú.***

An 16 Márta 2021, aistríodh an fhreagracht as an bhfrithéillitheacht a chomhordú ón Aireacht Cheartais chuig oifig riaracháin an rialtais (AOG), ag freagairt don Phríomh- Aire go díreach. An 9 Meitheamh 2021, bunaíodh an Rúnaíocht Frithéillitheachta laistigh de AOG chun feidhmeanna Rúnaíocht na Comhairle Frithéillitheachta a fheidhmiú, an straitéis nua frithéillitheachta a fhorbairt mar aon lena pleananna gníomhaíochta, agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

In 2021, seoladh 218 n- imscrúdú, ionchúisíodh 197 nduine aonair agus ciontaíodh 117 nduine aonair i dtaca leis an éillitheacht. As measc ionchúisimh agus chiontuithe 2021, ionchúisíodh 14 oifigeach ardchéime, lena n- áirítear an leas- aire, leas- ionchúisitheoir ceantair, ceannaire agus leas- cheannaire eintiteas dlítheanach an dlí phoiblí, gobharnóirí, leas- ghobharnóirí, leas- mhéara agus comhaltaí comhairlí áitiúla (tráth déanta na coire) agus ciontaíodh 7 san éillitheacht. Mar sin

féin, is gá tuilleadh a dhéanamh chun dul i ngleic leis an éillitheacht ardleibhéil, go háirithe ról na leasanna dílsithe ar mhórscála agus a dtionchar sna réimsí eacnamaíocha agus polaitiúla[27].

b) ***Athchóiriú na Cúirte Uachtaraí a thabhairt i gcrích tríd an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh na mbreithiúna a thabhairt i gcomhréir go hiomlán le moltaí Choimisiún na Veinéise agus le caighdeáin Eorpacha; athchóiriú an ionchúisimh a thabhairt i gcrích, lena n- áirítear deighilt na cumhachta atá ag imscrúdaitheoirí agus ag ionchúisitheoirí.***

Idir 2019 agus 2021, ceapadh 28 mbreitheamh don Chúirt Uachtarach agus téarma oifige saolré acu. Níl na ceapacháin sin, a rinneadh sular tugadh aghaidh ar na heasnaimh sa phróiseas ainmniúcháin, i gcomhréir le moltaí na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip/na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine ná le moltaí Choimisiún na Veinéise de chuid Chomhairle na hEorpa. Chuir an tAontas imní in iúl arís is arís eile[28] faoin nós imeachta sin, rud lena ndearnadh dochar don neamhspleáchas breithiúnach agus don iontaobhas poiblí i gcóras ceartais na Seoirse.

An 30 Meán Fómhair 2020 agus an 1 Aibreán 2021, ghlac an Pharlaimint leasuithe ar phróiseas roghnúcháin bhreithiúna na hArd- Chúirte. Tá roinnt moltaí ó Choimisiún na Veinéise, áfach, nár tugadh aghaidh orthu fós, agus tá gá le tuilleadh oibre chun an nós imeachta maidir le breithiúna na hArd- Chúirte a cheapadh a ailíniú go hiomlán leis na moltaí sin.

Ina chinneadh an 7 Deireadh Fómhair 2021, chealaigh an Coimisiún an dara tráthchuid de EUR 75 milliún de chúnamh macra- airgeadais don tSeoirsia, go háirithe i ngeall ar an teip an choinníoll maidir leis na breithiúna a chomhlíonadh, i.e. chun neamhspleáchas, cuntasacht agus cáilíocht an chórais bhreithiúnaigh a mhéadú. Lean roghnú bhreithiúna na hArd- Chúirte ar aghaidh in éagmais na n- athruithe reachtacha ba ghá chun comhlíontacht iomlán le gach moladh ó Choimisiún na Veinéise a áirithiú. Theip ar an bpróiseas freisin cóir chomhionann a ráthú do na hiarrthóirí uile freisin. Thairis sin, níor glacadh roinnt leasuithe eile arbh é ab aidhm dóibh trédhearcacht an chórais bhreithiúnaigh a mhéadú.

Cuireadh leasuithe faoi bhráid na Parlaiminte an 24 Samhain 2021 lenar leagadh síos deighilt shoiléir idir cumhachtaí ionchúisitheora agus imscrúdaitheora le linn imscrúdaithe; tá an nós imeachta reachtach fós ar siúl.

a) ***Forbairt oibriúcháin an Aonaid um Faisnéis Airgeadais (FIU) a thabhairt i gcrích tríd an méid seo a leanas a áirithiú: (i) go mbeidh sé in ann aon fhaisnéis dá gceanglaítear a fháil ó eintitis tuairiscithe; agus (ii) go mbeidh rochtain iomlán thráthúil aige ar an bhfaisnéis airgeadais, riaracháin agus um fhorfheidhmiú an dlí is gá chun a chuid oibre a dhéanamh i gceart.***

De réir faisnéise arna soláthar ag an tSeoirsia agus a deimhníodh leis an tuarascáil is déanaí ó MONEYVAL[29], tá forbairt oibriúcháin FIU tugtha i gcrích. Mar sin féin, i ngeall ar easnaimh eile, ní aicmítear feidhmíocht fhoriomlán FIU de chuid na Seoirsia sa tuarascáil chéanna ach mar fheidhmíocht nach gcomhlíontar a mholtaí ach go páirteach léi.

---

27 Féach Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Seoirse ar aontachas leis an Aontas Eorpach, COM(2022) 405 final.

28 https://www.eeas.europa.eu/eeas/georgia-statement-spokesperson-appointment-supreme-court-judges_en

29 https://rm.coe.int/moneyval-2020-20-5th-round-mer-georgia/1680a03271

***b) Leanúint d'iarrachtaí chun an choireacht eagraithe a chosc agus a throid, go háirithe an sciúradh brabús ó ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha.***

Lean an tSeoirsia den choireacht eagraithe a throid mar chuid de straitéis náisiúnta sa réimse sin agus mar chuid dá pleananna gníomhaíochta. Téann Oifig Idirchaidrimh na Seoirsia i ndlúthchomhar le Europol leis na foirne sa Lárionad Eorpach um Choireacht Thromchúiseach agus Eagraithe. Láidríodh an comhar déthaobhach freisin, lena n- áirítear gníomhaíocht trí shocruithe déthaobhacha agus líonra na n- ataiséanna póilíneachta a ghabhann le 11 Bhallstát, lena mbaineann fócas áirithe ar an bhfrithsciúradh airgid.

In 2021, chláraigh Ionchúisitheoir Idirchaidrimh na Seoirsia ag Eurojust 2 chás nua, agus chláraigh comhaltaí náisiúnta Eurojust 21 chás nua i dtreo na Seoirse. Baineann na cásanna sin go príomha leis an éillitheacht, smuigleáil imirceach, caimiléireacht agus calaois, agus sciúradh airgid. In 2021, shínigh an tSeoirsia comhaontú nua maidir le foireann chomhpháirteach um imscrúdú i gcás lenar thacaigh Eurojust.

D'ainneoin na mbeart a luaitear thuas, tá líonraí coiriúla de thionscnamh na Seoirsia nó ag a bhfuil naisc leis an tSeoirsia, fós gníomhach san Aontas. Is ilghnéitheach na gníomhaíochtaí coiriúla dá gcuid agus áirítear leo an choireacht mhaoine eagraithe (buirgléireachtaí, coireacht mhótarfheithicle, robálacha), smuigleáil imirceach, agus gáinneáil ar dhrugaí (go háirithe gáinneáil ar an hearóin)[30].

***c) Leanúint d'iarrachtaí chun reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le acquis an Aontais maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus le maoiniú na frithsceimhlitheoireachta.***

In 2021, rinne an tSeoirsia iarracht chun a reachtaíocht maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a ailíniú ar bhealach níos fearr le reachtaíocht an Aontais. Mar thoradh air sin, bhí údaráis na Seoirsia in ann gníomhú i leith liostaí de chuid Choiste Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a luaithe a foilsíodh iad. Le hathrú reachtach eile ann tabharfar údarás do FMS (AFA na Seoirsia) tuilleadh faisnéise rúnda a chur faoi bhráid níos mó institiúidí náisiúnta (lena n- áirítear an aireacht airgeadais) ná roimhe seo i gcás sciúradh airgid agus coireanna maoinithe sceimhlitheoireachta. Tá an nós imeachta reachtach chun na leasuithe sin a fhormheas ar siúl faoi láthair.

## 3. Moltaí le haghaidh na Seoirsia

Ar an iomlán, tá an tSeoirsia fós ag comhlíonadh na dtagarmharcanna léirscaoilte víosaí agus tá gníomhaíocht déanta aici chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí sa bheartas víosaí agus sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus na coireachta eagraithe. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas a thuilleadh.

a) Beartas víosaí na Seoirsia a ailíniú le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar iarratais ar thearmann gan bhunús sna Ballstáit; feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena

[30] Rannchur na mBallstát do Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe 2021.

n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.

c) Iarrachtaí a mhéadú chun dul i ngleic leis an éilliú, go háirithe ról na leasanna dílsithe ar mhórscála agus a dtionchar sna réimsí eacnamaíocha agus polaitiúla, go háirithe trí neamhspleáchas agus comhordú na n- institiúidí frith- éillithe a neartú agus acmhainní riachtanacha a chur ar fáil dóibh.

d) Iarrachtaí a thabhairt chun críche chun reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir leis an bhfrithsciúradh airgid agus le maoiniú na frithsceimhlitheoireachta.

e) Dlús a chur le hiarrachtaí in aghaidh na coireachta eagraithe, go háirithe na líonraí atá nasctha le hoibríochtaí an Aontais.

f) An nós imeachta chun breithiúna na Cúirte Uachtaraí a cheapadh i gcomhréir le moltaí Choimisiún Veinéis a ailíniú go hiomlán, agus reachtaíocht a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun meastóireacht a dhéanamh ar shláine agus feidhmíocht breithiúna de chuid na Cúirte Uachtaraí.

g) Neamhspleáchas an údaráis cosanta sonraí a áirithiú.

## VII. Poblacht na Moldóive

### 1. An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach

In 2021, thuairiscigh na Ballstáit go raibh comhar maith foriomlán acu le Poblacht na Moldóive ("an Mholdóiv") maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha, lena n- áirítear athligean isteach. Cuireadh roinnt saincheisteanna in iúl maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh, go háirithe iad siúd atá pósta le saoránaigh de chuid na Moldóive, ach bhain siad sin le líon an- teoranta cásanna. Cuireadh roinnt moilleanna riaracháin in iúl freisin maidir le déileáil le hiarratais ar athghlacadh isteach ón Moldóiv. Thuairiscigh ceithre Bhallstát (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Laitvia agus an Liotuáin) gníomhaíochtaí agus tionscadail oibríochtúla déthaobhacha leis an tír maidir le himirce agus bainistiú teorainneacha.

Lean an Mholdóiv dá hiarrachtaí feabhas a chur ar bhainistiú teorainneacha agus ar chórais imirce trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, i mbogearraí agus in oiliúint. Tá an tír ina tairbhí de phlean comhair idir Frontex agus Póilíní Teorann na Moldóive. I mí na Nollag 2021, rinneadh an plean a athnuachan le haghaidh 2022-2024.

Rinne Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh chuig an Moldóiv agus chuig an Úcráin (EUBAM) a chuid oibre a athdhíriú díreach ón 24 Feabhra 2022 chun cabhrú le daoine easáitithe ón Úcráin a bhainistiú. Bearta lena n- áirítear comhairle a thabhairt maidir le sreabha a shruthlíniú, cúnamh a thabhairt d'imircigh leochaileacha, faisnéis a chur ar fáil faoi nósanna imeachta bunúsacha rialaithe teorann atá le leanúint le haghaidh dul isteach, agus cabhrú le himréiteach custaim a shocrú do chabhair dhaonnúil. An 2 Meitheamh, síníodh Meabhrán Tuisceana nua idir an Coimisiún, an Úcráin agus an Mholdóiv[31] lena dtugtar an fhéidearthacht go n- úsáidfeadh EUBAM cumhachtaí feidhmiúcháin le haghaidh rialú teorann arna iarraidh sin ag ceann de na tíortha. Oibríonn EUBAM i gcomhar iomlán le Foireann Frontex chun na príomhphointí trasnaithe a chumhdach.

[31] https://eubam.org/newsroom/the-eu-steps-up-support-to-border-management-on-the-moldova-ukraine-border/

Maidir le slándáil doiciméad, ní sheachadann an Mholdóiv anois ach pasanna bithmhéadracha a chomhlíonann ICAO. Críochnaíodh pasanna neamhchomhlíontacha a chéimniú amach an 1 Eanáir 2021. Lean an Mholdóiv ar aghaidh le dianoiliúint a chur orthu siúd atá ag déileáil le pasanna. Tá an comhar le INTERPOL maidir le pasanna caillte agus goidte rialta agus córasach.

In 2021, tháinig an Mholdóiv chun bheith ina breathnóir i nGréasán Imirce na hEorpa.

### 1.1. Gníomhaíocht atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí in an *Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí* maidir le himirce

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Leanúint d'fheachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.***

Tugtar aghaidh go rialta ar an ábhar maidir le taisteal gan víosa chuig an Aontas Eorpach i bhfeachtais faisnéise maidir le saincheisteanna ginearálta a bhaineann le lánpháirtiú na hEorpa. Gníomhaíocht níos spriocdhírithe in 2021 ba ea eagrán athbhreithnithe den treoirleabhar maidir le saorghluaiseacht san Aontas do shaoránaigh na Moldóive a fhoilsiú. Cuirtear feachtais shaincheaptha i gcrích i measc mionlach leochaileach trí idirghabhálaithe pobail.

***b) Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na Moldóive a ailíniú a thuilleadh le liostaí an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.***

Níl beartas víosaí na Moldóive ailínithe go hiomlán le liosta na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir le víosa le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta san Aontas Eorpach. Náisiúnaigh na dtíortha seo a leanas atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, tá siad díolmhaithe ó víosa i gcás na Moldóive: An Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, Cúba, an tSalvadóir, Eacuadór, an Chasacstáin, An Chirgeastáin, an Rúis, an Táidsíceastáin, an Tuirc agus an Úisbéiceastáin. Ní raibh aon fhorbairt shuntasach ann in 2021.

### 1.2. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

Tháinig méadú 63 % ar líon na n- iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh de chuid na Moldóive sna Ballstáit idir 2020 agus 2021, agus taisceadh 4 830 iarratas in 2020 i gcomparáid le 7 885 iarratas in 2021. Ba é 1.0 % an ráta aitheantais in 2021, gan athrú ó 2020.

In 2021, d'fhan iarrachtaí náisiúnaigh na Moldóive teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú go neamhrialta an- íseal (21) agus níos ísle ná mar a bhí in 2020 (34). Tháinig méadú ar líon na náisiúnach de chuid na Moldóive ar cinneadh go raibh siad ag fanacht go neamhrialta; 24 610 in 2020 le hais 42 150 in 2021 (méadú 71 %). In 2021, b'ionann líon na náisiúnach ón Moldóiv dá ndiúltaítear cead isteach sna Ballstáit agus 9 065, líon atá 11 % níos lú ná mar a bhí in 2020, an bhliain inar sroicheadh an líon is airde taifead maidir leis an náisiúntacht sin (10 150).

In 2021, tháinig méadú 17 % ar líon na n- orduithe um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Moldóive (7 935 in 2021 i gcomparáid le 6 765 in 2020). Mar sin féin, bhí líon na bhfillithe 14 % níos lú ná in 2020 (2 785 in 2021 i gcomparáid le 3 240 in 2020). Mar sin féin, tuairiscíonn na

Ballstáit dea- chomhar maidir le hathligean isteach a gcuid náisiúnach féin, agus tuairiscíonn Frontex cur chun feidhme rianúil na n- oibríochtaí um fhilleadh.

2. **An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil**

In 2021, lean an Mholdóiv de bheith ag comhoibriú le roinnt Ballstát i réimse na slándála.

Lean an Mholdóiv de straitéis náisiúnta frithdhrugaí 2020-2027, straitéis 2020-2025 maidir le frithsciúradh airgid/maoiniú na frithsceimhlitheoireachta agus straitéis náisiúnta 2018-2023 chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac a chur chun feidhme. Is é is aidhm don straitéis deiridh sin feabhas a chur ar sheirbhísí d'íospartaigh na gáinneála agus na ngrúpaí leochaileacha (lena n- áirítear imircigh agus iarrthóirí tearmainn) agus ar oiliúint chórasach imscrúdaitheoirí, ionchúisitheoirí agus breithiúna chun déileáil le cásanna gáinneála ar dhaoine. Mar sin féin, chuaigh an straitéis náisiúnta maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac in éag in 2019; níor glacadh fós leis an straitéis nua ná an leis an bplean gníomhaíochta a ghabhann léi.

Lean an Lárionad Náisiúnta Frith- éillithe den chomhrac in aghaidh an éillithe a fhorghníomhú i gcomhar le hOifig an Ionchúisitheora Frithéillithe (cuid speisialaithe den Phríomh- Ionchúisitheoir).

Tá infheistíocht nach beag déanta ag an Moldóiv i mbearta athchóirithe beartais chun an choireacht eagraithe agus sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac. In 2021, rinneadh imscrúdú ar 18 ngrúpa coiriúla eagraithe agus gabhadh 44 bhall grúpa. Meastar gur comhpháirtí iontaofa í an Mholdóiv sna hiarrachtaí in aghaidh na coireachta eagraithe, go háirithe maidir leis an gcibearchoireacht a chomhrac (e.g. calaois/sracadh íocaíochtaí ar líne a imscrúdú, deireadh a chur le dúshaothrú leanaí ar líne). D'ullmhaigh an rialtas agus an Pharlaimint sraith leasuithe reachtacha maidir le sócmhainní coiriúla a chalcadh, a aisghabháil agus a choigistiú, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na Gníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Coiriúla (fo- roinn uathrialach speisialaithe a oibríonn sa Lárionad Náisiúnta Frithéillithe ó 2018). Mar sin féin, tá an próiseas reachtach fós ar siúl.

Tá líonraí coiriúla de thionscnamh na Moldóive nó ag a bhfuil naisc leis an Moldóiv, fós gníomhach san Aontas. Is ilghnéitheach na gníomhaíochtaí coiriúla dá gcuid agus áirítear leo an choireacht mhaoine eagraithe (buirgléireachtaí, an choireacht mhótarfheithicle, robálacha), an smuigleáil imirceach, an choireacht chibirspleách, an chalaois íocaíochta neamhairgid, táirgeadh agus gáinneáil aindleathach an tobac, agus an gháinneáil ar dhrugaí[32].

Rinne an Coimisiún na moltaí thíos in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Straitéis agus plean gníomhaíochta a ghlacadh le haghaidh athchóirithe ceartais.***

An 6 Nollaig 2021, glacadh straitéis nua 2022-2025 chun neamhspleáchas agus sláine earnáil an cheartais agus an plean gníomhaíochta a ghabhann léi a áirithiú.

***b) Leasuithe bunreachtúla a bhaineann leis na breithiúna a ghlacadh i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise.***

Ghlac an Pharlaimint leasuithe bunreachtúla a bhaineann leis na breithiúna an 23 Meán Fómhair 2021, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2022. Leis na leasuithe, cuirtear feabhas suntasach

[32] Rannchur na mBallstát do Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe 2021.

ar an gcreat dlíthiúil maidir le neamhspleáchas, cuntasacht agus éifeachtúlacht na mbreithiúna agus an riaracháin bhreithiúnaigh, i gcomhréir le moltaí Chomhairle na hEorpa. Go háirithe, leis na leasuithe, cuirtear comhdhéanamh Uaschomhairle na Máistrí i gcomhréir leis na moltaí trí bhallraíocht *ex officio* a eisiamh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas ceapacháin comhaltaí tuata na Comhairle. Neartaítear leis sin ról an Uachtaráin maidir le breithiúna a cheapadh, díolúine fheidhmiúil na mbreithiúna ar an leibhéal bunreachtúil a rialáil, agus nós imeachta ceapacháin na mbreithiúna chuig an gCúirt Uachtarach Bhreithiúnais a athrú chun an baol polaitithe a laghdú.

***c) A áirithiú go ndéanfar ceapacháin bhreithiúnacha i bpróiseas roghnúcháin atá bunaithe ar fhiúntas agus trédhearcacht, lena n- áirítear réasúnuithe dea- réasúnaithe i ndáil le ceapacháin agus diúltuithe ag tagairt do chritéir inniúlachta agus ionracais.***

Tá reachtaíocht chuimsitheach ag an Moldóiv lena rialaítear ceapacháin bhreithiúnacha. Is iad na príomhinstitiúidí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas roghnúcháin breithiúna an Coláiste Roghnúcháin agus Gairme Breithiúna agus Ardchomhairle na Máistrí. Déanann an tIonad Náisiúnta Frithéillithe seiceáil ar iarrthóirí trí dhearbhuithe sócmhainní/leasanna chomh maith le deimhnithe ón Údarás Náisiúnta Sláine a fhíorú agus trí thaifid choiriúla a cheadú.

Áirithítear trédhearcacht an phróisis roghnúcháin trí fhógraí maidir le seoltaí comórtais, faisnéis faoi na hiarrthóirí agus faoi thorthaí na gcomórtas a fhoilsiú. Mar sin féin, níl córas ceapacháin agus ardú céime na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí tar éis chéim na hoiliúna/an scrúdaithe céime tosaigh ag Comhairle Uachtarach na Máistrí agus na Uaschomhairle na nIonchúisitheoirí trédhearcach go leor, agus níl na critéir soiléir.

I mí an Mhárta 2022, glacadh an dlí maidir le hiarrthóirí a réamh- ghrinnfhiosrú chuig comhairlí breithiúnacha agus ionchúisimh. Foráiltear leis an dlí go ndéanfaidh Coiste Meastóireachta, atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí náisiúnta agus de thriúr comhaltaí idirnáisiúnta, measúnú ar shláine chomhaltaí Uaschomhairle na Máistrí, Uaschomhairle na nIonchúisitheoirí agus a sainchomhlachtaí. Tá sé mar aidhm leis seo cur le hionracas chomhlachtaí féinriaracháin na mbreithiúna agus na n- ionchúisitheoirí agus borradh a chur faoi mhuinín an phobail as a gcuid gníomhaíochtaí agus as an gcóras ceartais ina iomláine. Cuireadh an chuid is mó de mholtaí Choimisiún na Veinéise chun feidhme.

***d) Cur chun feidhme éifeachtach an chórais dearbhaithe sócmhainní ag gníomhaithe ardleibhéil a áirithiú.***

An 7 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Pharlaimint leasuithe ar an gcóras dearbhaithe sócmhainní trí na gnéithe seo a leanas a leagan síos: (i) sócmhainní a dhearbhú ar a margadhluach iarbhír; (ii) raon feidhme seiceálacha ar dhaoine i gcás amhras a bhfuil údar maith leis; agus (iii) a cheadú do chigirí sláine meastóireacht neamhspleách ar shócmhainní a iarraidh. In 2021, lean an tÚdarás Náisiúnta Sláine de sheiceáil a dhéanamh ar dhearbhuithe tosaíochta na n- airí, na bhfeisirí Parlaiminte, na gceann gníomhaireachtaí riaracháin, lucht bainistíochta an bhainc náisiúnta, na mbreithiúna agus na n- ionchúisitheoirí. Moltar in *Ceathrú Babhta Meastóireachta an Dara Tuarascáil Eatramhach um Chomhlíonadh* GRECO na hathchóirithe dearbhaithe sócmhainní ach tugtar ann rabhadh nach bhfuil straitéis an Údaráis Náisiúnta Sláine lánéifeachtach.

***e) Na cumhachtaí a roinnt go héifeachtach idir na gníomhaireachtaí frith- éillithe, agus a áirithiú go ndíríonn an Oifig Ionchúisimh Frith- Éillithe ar chásanna éillithe ardleibhéil.***

In 2021, cuireadh tús leis an obair ar na dréachtleasuithe ar an gCód Coiriúil agus ar an Nós Imeachta Cód Coiriúil chun cumhachtaí na hOifige Ionchúisimh Frith- Éillithe a shonrú maidir le himscrúdú ardleibhéil a dhéanamh ar chásanna éillithe agus athstruchtúrú a dhéanamh ar an Lárionad Náisiúnta Frithéillithe. Lean an plé ar aghaidh ag leibhéal na ngníomhaireachtaí rialtais inniúla, agus é mar aidhm leis na leasuithe ón bParlaimint a ghlacadh in 2022.

***f) Reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh lena gcuirtear chun feidhme an dlí maidir le smachtbhannaí in aghaidh sciúradh airgid.***

Ní raibh ann d'aon mhórfhorbairtí reachtacha maidir leis an bpointe seo. Beartaíonn na húdaráis nach rachaidh na gníomhartha dlíthiúla faoi seach i bhfeidhm ach in 2023.

***g) Dul chun cinn maidir le mórscéimeanna sciúrtha airgid a imscrúdú agus a ionchúiseamh.***

Lean an Oifig Ionchúisimh Frith- Éillithe d'imscrúdú a dhéanamh ar mhórchásanna. Sampla amháin is ea an scéim 'Laundromat', inar aistrigh roinnt banc ón Moldóiv agus ón Laitvia cistí Rúiseacha, a raibh luacháil USD 22 bhilliún orthu, ar an gcoigríoch go neamhdhleathach. Tá an cás á imscrúdú i gcomhar leis an Laitvia. Cruthaíodh foireann imscrúdaithe nua an 5 Samhain 2021 ina raibh ionchúisitheoirí de chuid na hOifige Ionchúisimh Frithéillithe agus oifigigh imscrúdaithe choiriúla de chuid an Lárionaid Náisiúnta Frithéillithe. In 2021, chuir an Oifig tús le 26 imscrúdú eile ar chásanna móra nó lean sí ar aghaidh leo.

***h) Reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le acquis an Aontais maidir le leis an bhfrithsciúradh airgid agus maoiniú na frithsceimhlitheoireachta.***

Rinneadh Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a thrasuí i ndlí na Moldóive in dhá chéim, in 2017 agus in 2020. Ghlac an Banc Náisiúnta tuilleadh rialacha riaracháin i mí an Mhárta 2021.

Níl an dlí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac ach le leasú in 2022. Ba cheart go n- áireofaí ann trasuí an 5ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid, forálacha Rialachán 2018 maidir le Rialú ar Airgead Tirim, moltaí MONEYVAL agus leasuithe riachtanacha eile, a bhaineann go sonrach leis an Moldóiv

***i) Na hiarrachtaí in aghaidh calaoise banc a neartú tríd an straitéis aisghabhála sócmhainní coiriúla a thabhairt cothrom le dáta agus trí shásra nua aisghabhála sócmhainní a chur ar bun.***

Cuireadh sásra nua aisghabhála sócmhainní in ionad na straitéise aisghabhála sócmhainní arna fhormheas le hordú comhpháirteach ó Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta, ón Lárionad Náisiúnta Frithéillithe, ón tSeirbhís Fhioscach Stáit agus ón tSeirbhís um Sciúradh Airgid a Chosc agus a Chomhrac an 18 Bealtaine 2021. Tá an Ghníomhaireacht um Aisghabháil Sócmhainní Coiriúla, in éineacht leis na húdaráis inniúla eile, ag obair faoi láthair ar an dréacht den Chlár Náisiúnta um Aisghabháil Sócmhainní, ar cheart don Pharlaimint é a ghlacadh in 2022.

***j) Bailchríoch a chur ar an imscrúdú ar chalaois baincéireachta in 2014 chun iad siúd atá freagrach a thabhairt os comhair cúirte agus chun na cistí míleithreasaithe a aisghabháil.***

Leanadh leis an imscrúdú ar chalaois bhaincéireachta 2014 in 2021. Chuir an Oifig Ionchúisimh Frith- Éillithe sé chás coiriúil nua a bhaineann leis an gcalaois faoi bhráid na cúirte. Ba é

EUR 2 288 718 méid iomlán na sócmhainní a urghabhadh sna sé chás sin. Rinneadh EUR 1 400 000 eile a aisghabháil trí chomhar dlíthiúil idirnáisiúnta. Ó thús an imscrúdaithe, is é luach iomlán na gcistí aisghafa ná EUR 367 115 731. Cúis amháin leis an sásra aisghabhála sócmhainní a luaitear thuas a ghlacadh i mí na Bealtaine 2021 ná dlús a chur le cistí a goideadh sa chalaois bhainc sin a thabhairt ar ais do stát na Moldóive.

### 3. Moltaí le haghaidh na Moldóive

Tá beart déanta ag an Moldóiv chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ón gCoimisiún. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí maidir le beartas víosaí, sciúradh airgid agus coireacht eagraithe. Go háirithe, tá gá le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas a thuilleadh.

a) Beartas víosaí na Moldóive a ailíniú le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Leanúint d’fheachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.

c) Na cumhachtaí a scaradh go soiléir agus comhordú laistigh de ghníomhaireachtaí na gcomhlachtaí frith- éillithe a dhéanann imscrúdú ar chásanna éillithe ardleibhéil a fheabhsú.

d) An t- ailíniú le reachtaíocht an Aontais maidir le frithsciúradh airgid a chomhlánú, reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh lena gcuirtear an dlí maidir le smachtbhannaí in aghaidh sciúradh airgid chun feidhme, agus moltaí MONEYVAL a chur chun feidhme..

e) Iarrachtaí in aghaidh na coireachta eagraithe a mhéadú, lena n- áirítear líonraí áirithe a dhéanann daoine agus earraí a smuigleáil isteach san Aontas, i ndlúthchomhar le hinstitiúidí an Aontais, leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

f) Neartú a dhéanamh ar na hiarrachtaí chun calaois bhainc a chomhrac tríd an straitéis náisiúnta um aisghabháil sócmhainní coiriúla a ghlacadh agus sásra nua éifeachtúil a bhunú chun sócmhainní coiriúla a chalcadh, a urghabháil, a choigistiú agus a chaipitliú.

## VIII. An Úcráin

Ós rud é go gcumhdaíonn raon feidhme na tuarascála seo suas go dtí deireadh 2021, léiríonn an chuid seo den chuid is mó an staid roimh thús ionsaí míleata gan chúis agus gan údar na Rúise in aghaidh na hÚcráine an 24 Feabhra 2022.

Mar thoradh ar an ionsaí Rúiseach, tá na milliúin duine ag lorg tearmainn san Aontas Eorpach agus tíortha comharsanacha. Tar éis togra ón gCoimisiún treoir cosanta sealadaí[33] a ghníomhachtú den chéad uair, an 4 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 lenar deonaíodh stádas cosanta sealadaí do náisiúnaigh na hÚcráine (agus do chatagóirí eile daoine) a easáitíodh ón Úcráin an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún treoirlínte oibríochtúla maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha chun trasnuithe teorann ag

[33] Treoir 2001/55/CE

teorainneacha AE-na hÚcráine a éascú.[34]. Tháinig beagnach 8,9 milliún duine isteach san Aontas ó náisiúnaigh na hÚcráine idir an 24 Feabhra agus an 5 Meán Fómhair.

Sna himthosca eisceachtúla sin, leis an gcóras saor ó víosaí idir an tAontas agus an Úcráin, bhíothas in ann taisteal chuig an Úcráin agus uaithi a éascú, go háirithe do na náisiúnaigh sin de chuid na hÚcráine a chinn gan dul i mbun cónaithe san Aontas nó nach dtagann faoi raon feidhme na treorach sealadaí cosanta.

D'ainneoin an athraithe as cuimse atá tagtha ar chúrsaí, measann an Coimisiún go bhfuil sé fós ábhartha leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an urraim a thugann an Úcráin do thagarmharcanna léirscaoilte víosaí, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt d'údaráis na hÚcráine athchóirithe na tíre a chur chun feidhme a bhfuil gá leo chun na tagarmharcanna a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

1. **An imirce, an tearmann agus an t- athligean isteach**

### 1.1 Gníomhaíocht atá déanta chun comhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna um léirscaoileadh víosaí a áirithiú

In 2021, dheimhnigh na Ballstáit comhar maith leanúnach leis an Úcráin maidir le filleadh agus athligean isteach agus le limistéir imirce eile, go háirithe leis an mBeilg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn. Lean an Úcráin de bheith ag obair le go leor Ballstát chun prótacail cur chun feidhme maidir le hathligean isteach a dhréachtú agus a ghlacadh. Chomh maith leis sin, lean an tír ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar líon na n-iarratas gan bhunús ar thearmann a rinne a saoránaigh san Aontas trí roinnt feachtas faisnéise a chur i gcrích maidir le cearta iarrthóirí tearmainn.

Lean an Úcráin de straitéis maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha 2019-2025 agus an plean gníomhaíochta comhfhreagrach a chur chun feidhme, chomh maith le straitéis beartais imirce 2018-2021 agus a plean gníomhaíochta. Cuireadh tús leis an obair ar an bplean gníomhaíochta nua tar éis 2022 le rannpháirtíocht saineolaithe tionscadail EU4IBM.

In 2021, rinneadh iarracht shuntasach feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras TF a thacaíonn le rialuithe teorann agus inimirce, lena n- áirítear leanúint den tionscadal 'Tacaíocht do bhainistiú imirce agus tearmainn san Úcráin' (IMMIS) arna mhaoiniú ag an Aontas.

Rinneadh anailís chomhpháirteach ar bhagairtí ar shlándáil teorann leis an Moldóiv, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Ungáir. Ina theannta sin, rinneadh measúnú comhpháirteach tríthaobhach ar bhagairtí ar shlándáil teorann stáit leis an bPolainn agus leis an mBealarúis. Thairis sin, leanadh de bheith ag forbairt tuarascáil staide chomhpháirteach idir póilíní teorann na hÚcráine agus na Gearmáine.

In 2021, cuireadh le paindéim COVID-19 isteach go mór ar an obair i réimse an tearmainn. Mar gheall ar an ngá atá le rialacha maidir le scaradh sóisialta a fhorfheidhmiú, cuireadh brú nach beag ar iarrthóirí tearmainn agus ar bhaill foirne sna hionaid tearmainn agus ar shaoráidí coinneála sealadaí. Rinneadh infheistíocht shuntasach (lena n- áirítear níos mó suiteálacha leighis, seomraí leithlisithe

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Treoirlínte oibríochtúla a chur ar fáil maidir le bainistiú teorainneacha seachtracha chun trasnuithe teorann ag na teorainneacha idir an tAontas agus an Úcráin a éascú' (2022/C 104 I/01).

agus sábháilteacht ó dhóiteán) ionas go bhféadfadh saoráidí sealadacha coinneála agus saoráidí eile na riachtanais áirithe sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.

Tá pasanna bithmhéadracha á n- eisiúint ag an Úcráin ó 2015. Eisíodh na pasanna neamh- bhithmhéadracha deireanacha in 2016, agus tá sé beartaithe iad a chéimniú amach go hiomlán in 2026 nuair a rachaidh siad in éag.

### 1.2 Gníomhaíocht atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí maidir leis an imirce in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*

***a) Leanúint de na hiarrachtaí chun líon na náisiúnach Úcránach atá ag fanacht go neamhrialta sna Ballstáit a laghdú agus chun iarratais ar thearmann nach bhfuil bonn cirt leo a thaisceadh.***

Díríonn iarrachtaí údaráis na hÚcráine ar fhaisnéis do shaoránaigh faoi rialacha taistil gan víosa. Chomh maith le bheith ar fáil ar shuíomhanna gréasáin, tugtar an fhaisnéis freisin i bhfeachtais atá deartha go sonrach (féach moladh (c) thíos) nó i bhfeachtais ghinearálta faoi lánpháirtiú na hEorpa (e.g. EUKraina), lena n- áirítear caibidlí maidir le taisteal gan víosa.

Roimh ionradh na Rúise ar an Úcráin, chuaigh údaráis na hÚcráine i dteagmháil go réamhghníomhach leis an gCoimisiún agus iad ag iarraidh dea-chleachtais agus/nó bearta nithiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh chun líon na n-iarratas gan údar ar thearmann a laghdú. Sa chomhthéacs reatha, tá an Úcráin ag comhoibriú go dlúth leis an Aontas agus leis na Ballstáit maidir le hÚcránaigh a chur ar an eolas faoi na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann leis an gcóras cosanta sealadach.

***b) Deireadh a chur leis an bhféidearthacht go mbeadh níos mó ná pas bailí amháin ag náisiúnaigh de chuid na hÚcráine ag an am céanna; stop a chur le pasanna 'breise' den sórt sin a eisiúint agus bailíocht na bpasanna a eisíodh a chur ar ceal.***

Chuaigh an Úcráin i dteagmháil go réamhghníomhach leis an gCoimisiún agus leis an bPolainn chun réitigh fhéideartha a phlé. Ag deireadh 2021 agus tús 2022, bhí comhairliúcháin ag an Úcráin leis an Aontas agus leis an bPolainn maidir le gnéithe teicniúla na saincheiste sin. Chuaigh ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine i bhfeidhm ar na comhairliúcháin sin ach lean siad ar aghaidh idir an Úcráin agus an Pholainn, lena n- áirítear maidir le réitigh phraiticiúla i gcomhthéacs an chogaidh. Míníodh roinnt gnéithe go frithpháirteach, áfach, go háirithe níos mó ná pas amháin a eisiúint. Ar go leor cúiseanna, tá an cleachtas sin coitianta, fiú sna Ballstáit agus ní gá é a athrú. Thairis sin, áirithíonn údaráis na tíre cheana féin go bhfuil uimhir aitheantais phearsanta uathúil ag gach saoránach Úcránach, nach n- athraíonn agus atá ar gach doiciméad aitheantais, lena n- áirítear pasanna.

***c) Feachtais faisnéise faoin gcóras taistil gan víosa a chur in oiriúint do phróifílí ábhartha imirceach, lena n- áirítear grúpaí leochaileacha, iad siúd a fhanann thar an tréimhse dár deonaíodh teacht isteach (rófhanacht), agus iad siúd a dhéanann éilimh ar thearmann gan bhunús.***

Chuir údaráis na hÚcráine feachtais faisnéise tráthrialta ar bun maidir le cearta agus freagrachtaí a saoránach agus iad ag taisteal chuig tíortha an Aontais. Áiríodh leis sin na feachtais 'Imirce Shábháilte' agus 'Sábháilte Oibre', agus bhí an feachtas sin dírithe ar gháinneáil ar dhaoine agus dúshaothrú imirceach a chosc.

*d) Áirithiú go ndéanfar beartas víosaí na hÚcráine a ailíniú a thuilleadh le liosta an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.*

Níl beartas víosaí na hÚcráine ailínithe go hiomlán le liosta na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir víosa le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta san Aontas. Náisiúnaigh na dtíortha seo a leanas atá ar liosta an Aontais de thíortha lena mbaineann ceanglas víosa, tá siad díolmhaithe ó víosa i gcás na hÚcráine: An Airméin, an Araib Shádach, an Asarbaiseáin, Bairéin, an Bhealarúis, an Chasacstáin, Catar, an Chirgeastáin, Cuáit, Eacuadór, an Mhongóil, Óman, an Táidsíceastáin, an Tuirc agus an Úisbéiceastáin. Ní raibh aon fhorbairt shuntasach ann in 2021.

### 1.3. Faireachán ar threochtaí san imirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach

In 2021, b'ionann líon na n- iarratasóirí ón Úcráin ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit agus 6 460, 8 % níos mó ná in 2020 (5 990). Mhéadaigh an ráta aitheantais ó 11.2 % in 2020 go 17.1 % in 2021.

Líon beag náisiúnach de chuid na hÚcráine a thrasnaigh teorainn an Aontais in 2021 go neamhrialta (113 in 2021, 87 in 2020 agus 93 in 2019). In 2021, fuarthas amach go raibh 36 670 náisiúnach Úcránach ag fanacht go neamhrialta san Aontas (50 415 náisiúnach in 2020, laghdú 27 %). Tháinig laghdú 11 % ar líon na ndiúltuithe cead isteach do náisiúnaigh na hÚcráine; 56 370 in 2020 le hais 50 220 in 2021.

In 2021, tháinig méadú 17 % ar líon na n- orduithe um fhilleadh a eisíodh do náisiúnaigh na Úcráine (17 820 in 2021 i gcomparáid le 21 540 in 2020). Bhí líon na bhfillithe 21 % níos ísle ná mar a bhí in 2020 (9 590 in 2021 i gcomparáid le 12 145 in 2020).

## 2. An comhar breithiúnach, an t- ord poiblí agus an tslándáil

### 2.1. Gníomhaíocht atá déanta chun comhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna a áirithiú

Thuairiscigh na Ballstáit go raibh comhar maith foriomlán ann leis an Úcráin i réimse na slándála. In 2021, lean an Úcráin de bheith ag comhoibriú le Europol agus Eurojust agus bhí sí i mbun gníomhaíochtaí comhpháirteacha le roinnt Ballstát. Tugann an Úcráin rochtain do Europol ar an gcuid is mó dá bunachair sonraí. An 21 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Pharlaimint an dlí lena ndaingnítear an Meabhrán Tuisceana idir an Úcráin agus Europol maidir le rúndacht agus lena n- áirithítear sábháilteacht faisnéise, rud a fhágfaidh go bhféadfar faisnéis rúnda a mhalartú. Leanadh den chomhar le Eurojust trí ionadaí na hÚcráine ag gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh.

In 2021, chláraigh Ionchúisitheoir Idirchaidrimh na hÚcráine ag Eurojust 23 chás nua, agus chláraigh Comhaltaí Náisiúnta Eurojust 58 gcás nua i leith na hÚcráine. Baineann na cásanna sin go príomha le caimiléireacht agus calaois, sciúradh airgid agus éilliú. In 2021, shínigh an Úcráin sé chomhaontú foirne chomhpháirteacha nua um imscrúdú i gcásanna a dtacaíonn Eurojust leo.

Tá a straitéis chun an choireacht eagraithe a chomhrac á cur i gcrích ag an Úcráin, straitéis a glacadh i mí Mheán Fómhair 2020. Dréachtaíodh plean gníomhaíochta chun an straitéis a chur chun feidhme tuilleadh i mí na Samhna 2021 ach ní fhéadfaí é a ghlacadh roimh thús chogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Ó 2020 i leith, tá an príomhról ag Roinn Imscrúduithe Straitéiseacha Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine maidir le hiarrachtaí in aghaidh na coireachta eagraithe a chomhordú. In 2021,

d'éirigh le himscrúduithe póilíneachta go ndearnadh 428 ngrúpa eagraithe agus 41 eagraíocht choiriúil níos mó a ionchúiseamh. Dhíchóimeáil Biúró Stáit an Imscrúdaithe 21 ghrúpa/eagraíocht eile agus rinne 143 dá gcomhaltaí a dhíotáil.

Leanadh den chomhrac in aghaidh táirgeadh drugaí neamhdhleathacha agus in aghaidh gáinneála orthu; leasaíodh dlíthe maidir le drugaí támhshuanacha, substaintí síceatrópacha agus réamhtheachtaithe i mí Aibreáin 2021. Rinneadh iarracht mhór an gháinneáil ar airm neamhdhleathacha a chomhrac; in 2021, rinne póilíní agus gníomhaireachtaí slándála éagsúla 3 098 arm tine, 3 236 gránáid agus 201 lainseálaí gránáide de gach cineál a urghabháil.

Sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta, tugadh tús áite d'aghaidh a thabhairt ar eachtraí a bhaineann leis an gcoinbhleacht armtha i limistéir Donetsk agus Luhansk. Ghlac an Úcráin páirt freisin i dtionscadal DARIF (Fóram na Danóibe), lena gcosnaítear bonneagar ríthábhachtach iompair ar an Danóib agus ar a limistéar máguaird ón sceimhlitheoireacht agus ón gcoireacht eagraithe.

In 2021, lean an Úcráin de bheith ag cur in aghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha ón Afraic Thuaidh, ón Meánoirthear, ón Áise Láir agus ón Áise Thoir Theas (lena n- áirítear an Stát Ioslamach agus Al Qaeda). Mar thoradh air sin, cuireadh toirmeasc ar 601 eachtrannach a raibh amhras fúthu dul isteach san Úcráin, cuireadh 27 n- eachtrannach faoi choinneáil agus cuireadh 101 eachtrannach ar ais go héigeantach chuig a dtíortha tionscnaimh.

D'ainneoin iarrachtaí na n- údarás, tá líonraí coiriúla a thagann as an Úcráin, nó a bhfuil naisc acu leis an Úcráin, gníomhach san Aontas fós. Is ilghnéitheach na gníomhaíochtaí coiriúla dá gcuid agus áirítear leo an choireacht mhaoine eagraithe (buirgléireachtaí, an choireacht mhótarfheithicle, robálacha), an smuigleáil imirceach, an choireacht chibirspleách, an chalaois íocaíochta neamhairgid, táirgeadh agus gáinneáil aindleathach an tobac, agus an gháinneáil ar dhrugaí (go háirithe an gháinneáil ar chócaon agus hearóin)[35].

Maidir le sciúradh airgid, ba chosúil go raibh an Úcráin ina ceann scríbe chun cistí aindleathacha a aistriú agus chun cistí aindleathacha a sheoladh chuig tíortha eile.

### 2.2 Gníomhaíocht atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*.

***a) Éifeachtúlacht na n- institiúidí frith- éillithe agus na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a fheabhsú trí iarrachtaí frith- éillithe a dhíriú ar chásanna éillithe ardleibhéil agus ar chásanna ina bhfuil greamú stáit i gceist.***

In 2021, rinneadh roinnt dul chun cinn sa chomhrac in aghaidh an éillithe ardleibhéil, agus bhí líon níos mó ciontuithe ann. Thuairiscigh an Úcráin gur eisigh an Ard- Chúirt Frith- Éillithe (HACC) 72 phianbhreith in 2021. Bhain cuid de na fíoraisc le daoine aonair a raibh poist ardleibhéil acu i rialtais náisiúnta nó áitiúla, sna breithiúna, sna fórsaí armtha agus sa pholaitíocht. An 1 Meitheamh 2021, glacadh Dlí Uimh. 1498-IX lenar ceadaíodh córas bainistíochta r-chás uathrialach a imscaradh do Bhiúró Náisiúnta Frith- Éillithe na hÚcráine (NABU), d'Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh Éillithe (SAPO) agus do HACC. Is é is aidhm don dlí trédhearcacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht imscrúduithe coiriúla a threisiú i gcásanna éillithe ardleibhéil.

[35] Rannchur na mBallstát do Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe 2021.

Ina theannta sin, thug an Úcráin dliteanas coiriúil isteach arís i leith dearbhuithe bréagacha agus d'athbhunaigh sí príomhchumhachtaí coiscthe éillithe na Gníomhaireachta Náisiúnta um Éilliú a Chosc (NACP) i mí an Mheithimh 2021, ar fhógair an Chúirt Bhunreachtúil go raibh siad míbhunreachtúil i mí Dheireadh Fómhair 2020. Thángthas ar chomhréiteach maidir leis an gcóras smachtbhannaí is infheidhme, agus anois is féidir go mbeidh 1 bhliain amháin i bpríosún mar thoradh ar theip ar dhearbhú sócmhainní a dhéanamh.

***b) An reachtaíocht is gá maidir le NABU a ghlacadh chun deireadh a chur le héiginnteacht dhlíthiúil a stádais.***

An 10 Samhain 2021, tháinig Dlí Uimh. 1810-IX lena leasaítear an dlí maidir le NABU i bhfeidhm. Áiríodh sna leasuithe stádas NABU agus daingníonn leo é mar chomhlacht feidhmiúcháin lárnach atá faoi stádas speisialta. Cosnaítear leo stádas speisialta NABU, go háirithe, ó atheagrú gan an dlí a leasú agus tugtar leo cosaint níos fearr dá fhostaithe. Áirítear leis an stádas freisin nós imeachta chun idirghníomhú leis an rialtas. Cuireann sé seo cosc *a priori* ar an rialtas cur isteach ar conas a oibríonn NABU. Tá smacht iomlán ag Stiúrthóir NABU ar struchtúr na seirbhíse, earcaíochta agus sainchuntas poist.

***c) Roghnú trédhearcach, dípholaitithe agus bunaithe ar fhiúntas a dhéanamh de chinn NABU, SAPO, na Gníomhaireachta um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní (ARMA) agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, chomh maith le hionchúisitheoirí ar leibhéal bainistíochta, ag baint úsáide as nósanna imeachta leordhóthanacha agus critéir roghnúcháin, lena n- áirítear seiceálacha inchreidte sláine.***

Sonraítear sna leasuithe ar an Dlí maidir le NABU thuasluaite coimisiún chun Stiúrthóir NABU a roghnú ina bhfuil seisear, triúr arna gceapadh ag an rialtas agus triúr arna gceapadh ar bhonn moltaí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó eagraíochtaí eachtracha. Níor tugadh próiseas roghnúcháin NABU chun críche, áfach, agus níorbh fhéidir leis dul ar aghaidh níos faide. Níor ceapadh Ceann SAPO nua go dtí an 28 Iúil 2022, tar éis próiseas roghnúcháin a mhair ar feadh beagnach dhá bhliain.

An 1 Meán Fómhair 2021, thosaigh comhlacht féinrialaitheach na n- ionchúisitheoirí — Comhairle Ionchúisitheoirí na hÚcráine — a chuid oibre arís, agus ghlac siad ceannas ar na cúraimí a láimhseáil an coimisiún thuasluaite roimhe seo. Mar sin féin, murab ionann agus an Coimisiún, tá easpa trédhearcachta, fiúntais agus seiceálacha ar shláine i nósanna imeachta na Comhairle.

A mhéid a bhaineann le ceann ARMA a roghnú, ceapadh ceann sealadach an 4 Lúnasa 2021. Thosaigh an comórtas chun an ceann nua a roghnú, ach níor críochnaíodh an próiseas.

***d) Feabhas a chur ar reachtaíocht ARMA chun sócmhainní urghafa a bhainistiú agus straitéis náisiúnta maidir le haisghabháil sócmhainní a ghlacadh.***

In 2021, thosaigh an Pharlaimint ag scrúdú dréachtleasuithe ar chúig cinn de dhlíthe éagsúla a dhéanann difear d'obair ARMA, ach níor glacadh aon cheann acu. Chuir an rialtas trí dhréachtrún éagsúla i dtoll a chéile ar an ábhar céanna, ach níor glacadh aon rún eile arís. Ina theannta sin, forbraíodh straitéis 2022-2024 maidir le téarnamh sócmhainní, ach níor glacadh í agus ní mór tuilleadh athbhreithnithe a dhéanamh uirthi.

***e) Coinníollacha a chruthú do NABU agus gníomhaireachtaí incháilithe eile sreangú uathrialaitheach na cumarsáide a chur i gcrích.***

Le Dlí Uimh. 187-IX, a glacadh an 4 Deireadh Fómhair 2019, tugtar an deis do NABU faisnéis a bhailiú go huathrialach ó líonraí teileachumarsáide. Mar sin féin, ní féidir le NABU na hoibríochtaí sin a dhéanamh mar gheall ar easpa acmhainneachta teicniúla agus an reachtaíocht thánaisteach is gá, lena n- áirítear comhaontú idirghníomhaireachta le Seirbhís Slándála na hÚcráine.

***f) Éifeachtacht an chomhraic in aghaidh na coireachta eagraithe agus an sciúrtha airgid a fheabhsú tríd a leanas: (i) an phóilíneacht fhaisnéisbhunaithe a bheith ina cuid den straitéis náisiúnta maidir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe; (ii) cumhachtaí gach gníomhaireachta forfheidhmithe dlí a shoiléiriú agus a dheighilt agus bearta a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh cumhachtaí eisiacha ag NABU, SAPO agus HACC chun cásanna éillithe ardleibhéil a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú; (ii) leanúint de na hiarrachtaí an reachtaíocht náisiúnta a ailíniú go hiomlán le acquis an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus cur chun feidhme na reachtaíochta sin a fheabhsú.***

Mheas údaráis na hÚcráine go raibh an phóilíneacht fhaisnéisbhunaithe ina tosaíocht. Glacadh bearta chun an mhodheolaíocht maidir le measúnú ar bhagairt na coireachta tromchúisí eagraithe (SOCTA) a thabhairt isteach a d’fhorbair Europol i ngníomhaíochtaí póilíneachta na hÚcráine. Cheannaigh an Úcráin na bogearraí is gá, agus, i mí Feabhra 2021, thosaigh sí ar oiliúint a chur ar anailísithe chun na huirlisí nua sin a úsáid. An 26 Eanáir 2022, d’fhormheas an rialtas go críochnaitheach modheolaíocht SOCTA a ghlacadh.

## 3. Moltaí le haghaidh na hÚcráine

Ar an iomlán, tá na tagarmharcanna léirscaoilte víosaí á gcomhlíonadh ag an Úcráin i gcónaí agus tá gníomhaíocht déanta aici chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, go háirithe maidir leis an éilliú a chomhrac. Ó cuireadh tús le hionsaí míleata gan chúis na Rúise in aghaidh na hÚcráine, thacaigh an Coimisiún le hathléimneacht riarachán poiblí na hÚcráine a neartú, agus tugadh stádas mar thír is iarrthóir ar an Aontas don Úcráin i mí an Mheithimh 2022. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d’údaráis na hÚcráine, lena n-áirítear athchóirithe na tíre a bhfuil gá leo chun a riachtanais léirscaoilte víosaí a chomhlíonadh go leanúnach. Agus an méid sin á chur san áireamh, ní mór don Úcráin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas a thuilleadh.

a) Beartas víosaí na hÚcráine a ailíniú le liostaí an Aontais de na tríú tíortha lena mbaineann ceanglas víosa, go háirithe na tríú tíortha sin lena mbaineann rioscaí imirce neamhrialta nó slándála don Aontas.

b) Leanúint de na hiarrachtaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht na n- institiúidí frith- éillithe agus na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, lena n- áirítear trí chur ar chumas NABU sreangú uathrialaitheach a dhéanamh.

c) Na comórtais leanúnacha do phoist cheannaireachta NABU agus ARMA a thabhairt chun críche go práinneach.

d) Céimeanna breise a ghlacadh chun reachtaíocht frith- éillithe a fheabhsú d’fhonn neamhspleáchas institiúideach agus nósanna imeachta institiúideacha a neartú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) leasú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun oifigigh SAPO a roghnú, agus ról ríthábhachtach a leagan amach do shaineolaithe neamhspleácha a bhfuil taithí idirnáisiúnta acu i bpróisis roghnúcháin; agus (ii) reachtaíocht ARMA a leasú

maidir le sócmhainní urghafa a bhainistiú agus straitéis náisiúnta maidir le haisghabháil sócmhainní a ghlacadh.

e) Feabhas a chur ar an nós imeachta roghnúcháin d'fheidhmeannaigh shinsearacha in oifig an ionchúisitheora trína dhéanamh níos trédhearcaí, níos cothroime agus bunaithe ar fhiúntas agus trí sheiceáil chríochnúil a dhéanamh ar ionracas na n- iarrthóirí, agus leas á bhaint as gnéithe dearfacha ón nós imeachta sealadach a bhí i bhfeidhm go dtí mí Mheán Fómhair 2021.

f) Bearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar chomhlíonadh chaighdeáin an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais ag an Úcráin agus na srianta slándála a fhorchuirtear leis an dlí míleata á gcur san áireamh, go háirithe na srianta sin ar shócmhainní fíorúla, úinéireacht thairbhiúil deiridh, agus maoirseacht ar ghnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe.

Agus measúnú á dhéanamh ar an dul chun cinn sna réimsí thuasluaite sa chéad tuarascáil eile, cuirfidh an Coimisiún san áireamh iarmhairtí ionsaí míleata leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus a thionchar ar fheidhmiú riarachán poiblí na hÚcráine.

**Conclúidí**

Measann an Coimisiún go bhfuil beart déanta ag na tíortha uile a ndearnadh measúnú orthu chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na moltaí a rinneadh in *An Ceathrú Tuarascáil faoin Sásra Fionraíochta Víosaí*. I gcás na dtíortha sin a bhfuair a náisiúnaigh an díolúine víosa níos lú ná 7 mbliana ó shin agus a bhfuil gá fós le tuairisciú ar chomhlíonadh na dtagarmharcanna léirscaoilte víosaí ina leith, measann an Coimisiún go bhfuil na ceanglais léirscaoilte víosaí á gcomhlíonadh i gcónaí. Mar sin féin, ní mór do gach tír tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun comhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Choimisiúin.

In 2021, bhí tionchar ag deireadh shrianta taistil COVID-19 ar threochtaí maidir le himirce neamhrialta, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, filleadh agus athligean isteach. Chláraigh formhór na dtíortha méadú ar na treochtaí sin i gcomparáid le 2020. Mar sin féin, go ginearálta, leanann na Ballstáit agus Frontex de bheith ag tuairisciú dea- chomhair leis na hocht dtír ar fad maidir le bainistiú teorainneacha, tearmann, filleadh agus athligean isteach.

Maidir le tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh maidir le himirce, tearmann agus athligean isteach, ní mór do roinnt tíortha leanúint d'aghaidh a thabhairt ar iarratais ar thearmann gan bhunús, lena n- áirítear trí rannpháirtíocht in EMPACT a neartú agus leanúint d'fheachtais faisnéise spriocdhírithe a eagrú. Is ábhar imní fós é cumas glactha roinnt comhpháirtithe de chuid na mBalcán Thiar. Ní mór comhaontuithe stádais Frontex leis an Macadóin Thuaidh agus leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a thabhairt i gcrích agus a chur chun feidhme.

Chun a áirithiú go ndéanfar dea-bhainistiú ar an imirce agus ar an tslándáil – bunchoinníoll le haghaidh chomhlíonadh leanúnach na dtagarmharcanna – ba cheart do na tíortha uile a chumhdaítear a mbeartas víosaí a ailíniú le beartas víosaí AE, go háirithe maidir leis na tríú tíortha sin a bhfuil baol imirce neamhrialta nó baol slándála don Aontas ag baint leo. Tá súil ag an gCoimisiún le bearta coincréiteacha a bheith á ndéanamh ag na comhpháirtithe ábhartha uile agus beidh sé sin ina théama tábhachtach le haghaidh idirphlé atá ar na bacáin. Beidh sé airdeallach i gcónaí ar aon díláithriú idir comhpháirtithe i dtaca le líon na n- imirceach a thagann isteach arb é rochtain gan víosa a spreagann an díláithriú sin. Thairis sin, áitíonn an Coimisiún i gcónaí go gcuirfidh na tíortha sin a oibríonn

scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí deireadh leo de réir a chéile. Tá gá leis sin chun cosc a chur ar dhul timpeall a d'fhéadfaí a dhéanamh ar nós imeachta an Aontais maidir le víosaí gearrfhanachta agus ar an measúnú domhain ar na rioscaí imirce agus slándála aonair a bhaineann leis. Is ábhar imní níos mó fós don Aontas an tsaincheist sin i gcomhthéacs ionsaí míleata leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine[36]. I gcás ina measfar deonú saoránachta faoi scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí a bheith ina riosca méadaithe do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát, féadfar an córas gan víosa a chur ar fionraí. [37]

Sa chomhar breithiúnach, san ord poiblí agus sa tslándáil, déanann na Ballstáit dea- chomhoibriú foriomlán a thuairisciú leis na hocht dtír uile. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí, go háirithe sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe, na calaoise airgeadais, an sciúrtha airgid agus an éillithe.

Bhí léirscaoileadh víosaí ina chuid lárnach de chomhar an Aontais maidir le himirce, slándáil agus ceartas le tíortha na mBalcán Thiar agus le Comhpháirtíocht an Oirthir. Éascaíonn sé soghluaisteacht agus teagmhálacha duine le duine agus d'fhéadfadh sé príomh- athchóirithe beartais a spreagadh sna tíortha sin. De bharr na bhforbairtí a rinneadh le déanaí i mbeartas an Aontais maidir le méadú, agus an dearcadh atá ag an Úcráin, ag an Moldóiv agus ag an tSeoirsia a bheith ina mball den Aontas á aithint[38], tagarmharcanna maidir le léirscaoileadh víosaí a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh ar mholtaí an Choimisiúin mar chuspóir níos tábhachtaí fós don Aontas agus do na tíortha is iarrthóirí agus do na tíortha is iarrthóirí ionchasacha araon.

Dá bhrí sin, leanfar le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an bpróiseas sin, lena n- áirítear trí chruinnithe idir oifigigh shinsearacha, trí chruinnithe tráthrialta Fhochoiste an Cheartais, na Saoirse agus Slándála, agus trí phlé idir an tAontas agus na tíortha a chumhdaítear sa tuarascáil. Leanfar den fhaireachán ar ghnéithe a bhaineann leis na tagarmharcanna léirscaoilte víosaí a áireamh freisin i bpacáiste bliantúil an Choimisiúin um méadú.

---

36 Leagadh béim freisin ar na rioscaí a bhaineann le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí — a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit — sa Mholadh ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 maidir le céimeanna láithreacha i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndáil le scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí, C(2022)2028 final. Ina theannta sin, i rún an 9 Márta 2022, mhol Parlaimint na hEorpa go gcuirfí scor de scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí san áireamh sna critéir aontachais.

37 Féach, ina leith sin, Cinneadh (AE) 2022/366 ón gComhairle an 3 Márta 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Vanuatú maidir le tarscaoileadh ar víosa ghearrfhanachta a chur ar fionraí go páirteach (IO L 69, 4.3.2022, lch. 105).

38 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 23-24 Meitheamh 2022.